



## Oifig an Ard-Aighne



## Tuarascáil Bhliantúil 2004

### Lena n-áirítear an

- Dara Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú an Ráitis Straitéise 2003-2005, agus
- an Tríú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú Threoir Seirbhíse Cliant Oifig Shráid Mhuirfean 2002-2004 agus Plean Gnímh Chustaiméara Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 2002-2004

**Oifig an Ard-Aighne**

Tithe an Rialtais  
Sráid Mhuirfean Uachtarach  
Baile Átha Cliath 2

**Teileafón:** 01 631 4000

**Facs:** 01 676 1806

**R-phost:** [info@ag.irlgov.ie](mailto:info@ag.irlgov.ie)

Is sainchodanna d'Oifig an Ard-Aighne iad  
Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais (OAP),  
an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil  
(AADR) agus Oifig an Phríomh-Atur nae  
Stáit (OPAS).

**Oifig Chomhairleoir Parlaiminte  
an Rialtais**

Tithe an Rialtais  
Sráid Mhuirfean Uachtarach  
Baile Átha Cliath 2

**Teileafón:** 01 631 4000

**Facs:** 01 676 1287

**R-phost:** [info@ag.irlgov.ie](mailto:info@ag.irlgov.ie)

**Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit**

Teach Osmond  
Sráidín na gCaorach  
Baile Átha Cliath 8

**Teileafón:** 01 417 6100

**Facs:** 01 417 6299

**R-phost:** [registry@csso.irlgov.ie](mailto:registry@csso.irlgov.ie)

## Ráiteas Misin



“Aighne ná seirbhísí  
gairmiúla dlíthiúla den  
chaighdeán is airde a chur  
ar fáil do Ranna agus  
Oifigí Rialtais.”



## Clár Ábhar

<b>Brollach leis an Ard-Aighne</b>	<b>4</b>
<b>Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir</b>	<b>5</b>
<b>Caibidil 1: Rólanna agus Feidhmeanna</b>	<b>8</b>
<b>Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Eochairchuspóirí</b>	<b>11</b>
Tabhairt faoin Misean mar a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2003-2005	
<b>Caibidil 3: Príomhfhorbairtí sa bhliain 2004</b>	<b>13</b>
Cuid I Forbairtí Dlíthiúla	
Cuid II Forbairtí Eagrúcháin	
<b>Caibidil 4: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 1 á bhaint amach</b>	<b>25</b>
Soláthar de shainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse dlí a mbaineann fíorthábhacht leo ó thaobh Rialtais, Rann agus Oifige de	
<b>Caibidil 5: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 2 á bhaint amach</b>	<b>28</b>
Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin	
<b>Caibidil 6: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 3 á bhaint amach</b>	<b>32</b>
A chinntiú go seachtadair seirbhísí dlíthiúla ar mhodh a shásaíonn na prionsabail a bhaineann le Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus a ghlacann an clár um athrú sa tseirbhís poiblí san áireamh	
<b>Caibidil 7: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 4 á bhaint amach</b>	<b>35</b>
Córais Theicneolaíoch na Faisnéise a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do gach gníomhaíocht gairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachtadta seirbhíse, agus chun na gníomhaíochtaí sin a mheasúnú	
<b>Caibidil 8: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 5 á bhaint amach</b>	<b>38</b>
Rochtain ar eolas agus ar fhaisnéis a chur ar fáil do bhaill fhoirne, a bhfuil gá leis chun seirbhísí agus acmhainní d'ardchaighdeán a sheachadadh trí sheirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus eolais a sholáthar agus a fhorbairt	
<b>Caibidil 9: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 6 á bhaint amach</b>	<b>41</b>
Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnaimh a thabhairt le comhordú sheirbhísí dlíthiúla an Stáit	



## Clár Ábhar

<b>Iarscríbhinní</b>	<b>43</b>
<b>A:</b> Billí Rialtais a Foilsíodh in 2004	44
<b>B:</b> Billí Poiblí a Achtaíodh in 2004	45
<b>C:</b> Sleachta ó Chuntais Leithghabhála 2004, Oifig an Ard Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	46
<b>D:</b> Ráitis faoi Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2004, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	48
<b>E:</b> Uiríoll Oifige ar Choistí agus Grúpaí Oibre in 2004	50
<b>F:</b> Staitisticí um Shaoráil Faisnéise 2004	52
<b>G:</b> Mionsonraí Oiliúna agus Forbartha 2004	55
<b>H:</b> Cairt Eagrais	59





## Brollach leis an Ard-Aighne



Tá an-áthas orm a bheith bainteach in athuair le foilsiú Thuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne. Is é seo Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil na hOifige arna fhoilsiú le linn mo thréimhse sa phost.

Déanann an Tuarascáil Bhliantúil taifeadadh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Oifig ar réimse tionscnamh agus ag an am céanna cinntíonn sé go bhfuil lárobair na hOifige á dhéanamh ar bhealach an-ghairmiúil cliant-lárnach. Táim feasach go háirithe faoi na seirbhísí dlíthiúla agus dréachtaithe den scoth a sholáthraíonn an Oifig ar fhógra an-ghairid go minic ar réimse ceisteanna agus topaicí. Tá na seirbhísí seo á bhfeabhsú ag na tionscnaimh nua Teicneolaíochta Faisnéise agus cliant-lárnacha atá á gcur i bhfeidhm thar Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit araon.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na hOifige, lena n-áirítear na hAbhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, agus an pearsanra tacaíochta ar fad; agus aitheantas a thabhairt dóibh as an obair go léir a dhéanann siad ar son an Stát.

**Rory Brady, SC**  
An tArd-Aighne

Nollaig, 2005





## Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir



### An Ard-Aighne

Seo Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne don bhliain 2004. Corpraíonn sí Dara Thuarascáil na hOifige ar Dhul Chun Cinn Fhorfheidhmiú Ráiteas Straitéise (*Statement of Strategy*) 2003-2005 agus Tríú Thuarascáil na hOifige ar Dhul Chun Cinn Fhorfheidhmiú Treoir Seirbhísí Cliant (*Client Service Guide*) 2002-2004 de chuid Oifig Shráid Mhuirfean agus Plean Gnímh Chustaiméara (*Customer Action Plan*) 2002-2004 ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

Tá dul chun cinn suntasach fós á dhéanamh ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i leith chur i bhfeidhm na dtiomantais atá leagtha síos sna cáipéisí Ráiteas Straitéise agus an Chliant agus Custaiméirí agus i ndul chun cinn a dhéanamh leis an gClár Nuachóirithe Státseirbhíse. Ag an am céanna tá lárobair na nOifigí, ag soláthar comhairle agus seirbhísí dlí ar cheisteanna éagsúla agus dréachtú reachtaíochta, ag fás i gcónaí.

Léiríonn na mórphointí seo a leanas cuid de na nithe a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2004:

- Rolladh amach an Chórais Bhainistíochta Airgeadais sna hOifigí araon ó mhí Iúil 2004,
- Forbairt leanúnach den Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead a bhfuil piolótú á dhéanamh air sna hOifigí araon ó Aibreán 2005 i leith,
- Cur Táblaí Cróineolaíochta, Reachta agus Ionstraimí Reachtúla 2003 ar láithreán gréasáin na hOifige i mí na Nollag, 2004.
- Tosú na Chéad Athbhreithnithe Caiteachais ag na hOifigí araon,
- Tabhairt isteach Bille um Athchóiriú an Dlí Reachta (Réamh-1922) i mí na Samhna, 2004,
- Ullmhú 3 Athráiteas nua.

Cuireann na Tuarascálacha ar Buanú an *Dul Chun Cinn (Sustaining Progress)* a fhoilsítear ar láithreán gréasáin na hOifige agus a fhoilsíonn Grúpa Ráthaithe Feidhmíochta na Státseirbhíse arna n-imrú, tuairiscí nuashonraithe ar fáil faoi imeachtaí na hOifige.

Tá *Ráiteas Straitéise nua na hOifige do 2006-2008* á chur i gcrích i láthair na huair.



## Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

I measc na dtionscadal eile atá ar lámha faoi láthair tá:

- Cur i gcrích *Treoir Seirbhísi Cliant 2005-2007* de chuid Oifig Shráid Mhuirfean agus *Plean Gnímh Chustaiméara 2005-2007* de chuid Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.
- Rolladh amach Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta (Management Information Framework) lena n-áirítear costáil agus tuairiscí bainistíochta, an Dul Chun Cinn ar Phleananna Gnímh na nOifigí a éiríonn faoi
- Rolladh amach Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (Case and Records Management System) thar gach réimse den dá Oifig,
- Tuilleadh nuashonraithe ar Leabhar Reachta Leictreonach na hÉireann,
- Cur i gcrích Athbhreithnithe Caiteachais agus tús a chur le hAthbhreithnithe nua,
- Cur i gcrích Cláir Riosca na nOifigí,
- Tionscnamh Reachtaíochta Réamh-1922.

Ní féidir na tionscnaimh seo ar fad a chur i gcrích ach amháin le hobair fhoireann an-tiomanta thar gach réimse den dá Oifig. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu leo.

**Finola Flanagan**  
Ard-Stiúrthóir

Nollaig, 2005



**Deirbhle Murphy**  
Príobh-Dhréachtóir Parlaiminte



**David J. O'Hagan**  
Príobh-Aturnae an Stáit





## Caibidil 1

Rólanna agus Feidhmeanna

Is é an tArd-Aighne comhairleoir dlíthiúil don Rialtas agus is oifigeach bunreachtúil é chomh maith. Is iad cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhail aonair agus na Ranna faoina gceannas. De bhua Alt 30.1 den Bhunreacht, agus cuid 6 d'Acht Airí agus Rúnaithe 1924, agus an naoú cuid den sceideal leis an Acht sin, bíonn rialú agus freagracht ag an Ard-Aighne ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus ar Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dhlíthiúil a chur ar fáil don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a chur ar fáil
- seirbhísí aturnae a chur ar fáil, lena n-áirítear tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a cuid oifigeach go léir, ná cúnaimh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus feidhmeanna um chomhairle a thabhairt don Rialtas acu, agus um chomhlíonadh na bhfeidhmeanna eile a thugtar go sonrach dóibh faoin mBunreacht agus faoin reachtaíocht. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, cineachtar údarás um bainistíocht na hOifige, beartais mhonatóireachta a mbíonn tionchar acu ar an Oifig agus seachadadh aschuir shonraithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

### An tAbhcóide Comhairleach

Tá taobh comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shainghrúpa a chlúdaíonn na speisialtachtaí dlí go léir. Is éard atá ann ná abhcóidí (Abhcóide Comhairleach) agus déanann gach duine acu speisialtóireacht i sainréimsí éagsúla dlí. Is é príomhdhualgas an Abhcóide Chomhairligh ná cúnaimh a thabhairt le comhlíonadh feidhmeanna agus dhualgais an Ard-Aighne. Tá na hAbhcóidí Comhairleacha eagraithe ina gcúig ghrúpa le foireann chléireach tacaíochta shainthiomanta ag gach grúpa, a mbíonn cur amach acu ar ghnó an Ghrúpa. Clúdaítear réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, eadhon:

- soláthar na comhairle;
- stíúradh na dlíthíochta;
- glacadh páirte i soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

### Obair an Abhcóide Chomhairligh

Chuir an Oifig struchtúir agus córais i bhfeidhm chun freastal agus aghaidh a thabhairt ar gach gnáthfhiosrú chomh maith le hiarratais ar chomhairle phráinneach i leith saincheisteanna suntasacha dlíthiúla agus bunreachtúla. Tá an-chuid saineolais dlí le fáil laistigh den Oifig. Oibríonn an tAbhcóide Comhairleach go dlúth le dlíodóirí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte i ndáil le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn le linn dhréachtú na reachtaíochta agus le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit i ndáil le comhairle a thabhairt faoi fheidhmiú na dlíthíochta agus ábhair eile dlíthiúla.

Bíonn réimse na hoibre comhairlí a thugann an Oifig faoi an-leathan de ghnáth, agus áirítear dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, an dlí Eorpach, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta phoiblí agus dlí coiriúil leis - leoga, gach réimse den saothar dlí a bhféadfadh comhairle dlí a bheith ón Rialtas nó ó Roinn nó ó Oifig éigin ina leith. Is minic a chuirtear comhairle ar fáil faoi rí-bhrú ama. Féadtar iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomláine, ó Airí, nó ó stáitseirbhísigh i Ranna nó Oifigí Rialtais díreach chuig an Oifig nó trí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

### Uiríoll Buan don Aontas Eorpach

Shann an Oifig Abhcóide Comhairleach le ceapadh ar iasacht mar Attaché Dlí le hUiríoll Buan na hÉireann leis an Aontas Eorpach thall sa Bhruiséil. Tá ról an Attaché Dlí ina ghné riachtanach agus bhunúsach d'fheidhmiú éifeachtach an Uiríoll Bhuain ón uair a bunaíodh é thiar sa bhliain 1996. Is ról é atá lán d'éagsúlacht, agus baineann sé le réimse leathan feidhmeanna agus dualgas.

Cuireann an Attaché Dlí comhairle dlí ar fáil d'ionadaithe na Rann Rialtais go léir atá ina mbail den Uiríoll Buan maidir le réimse leathan saincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn ar bhonn laethúil agus ar bhonn an-phráinneach go minic. Mar thoradh ar rannpháirteachas an Attaché Dlí i gcaibidlíochtaí tábhachtacha san AE, lena n-áirítear leasú Conartha agus forbairtí eile suntasacha reachtaíochta, tá an tArd-Aighne páirteach anois ó thréimhse luath maidir le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla an AE. Is éard atá i gceist sa ról ná comhairle béil agus scríbhinn, tuairimí agus mionteagasc faoi ábhair a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh, saincheisteanna dlíthiúla intíre agus bunreachtúla a thagann chun cinn i gcomhthéacs bhallaíochta na hÉireann san Aontas. Éascaíonn an tseirbhís seo lorg agus soláthar na comhairle dlí i dtaobh tionscnaimh



phobail, agus féachann sí lena chinntiú gur feasach do Ranna, agus go mbíonn na sonraí is nua acu, faoina gcuid oibleagáidí faoin dlí Eorpach. Áirítear comhairliúcháin, faisnéisiú agus caibidlíochtaí forleathana laistigh den Chomhairle Eorpach le gné taidhleoireachta an ról, ar mhaithe le cosaint agus cur chun cinn leasanna dlí an Stáit.

### Dréachtóirí Parlaiminte don Rialtais

Is éard atá in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais (OPC) ná foireann saindlíodóirí le leibhéal ard oiliúna acu um dhisciplín dhréachtú na reachtaíochta. Is é misean na hOifige ná seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta den chaighdeán is airde a chur ar fáil dá cuid cliant agus chun faisnéis a chothabháil um dhul chun cinn dhréachtú na reachtaíochta.

### Obair na nDréachtóirí Parlaiminte

Is í príomhobair OPC ná Billí Rialtais a dhréachtú lena dtabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach, de réir mar is cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí a thrasnaíonn reachtaíocht an AE go dlí intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Glacann OPC páirt ghníomhach i bhforbairt an bheartais um Rialachán Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh, agus áirítear léi athbhreithniú an dlí reachta, athlua agus comhdhlúthú i gcomhthéacs an Chláir Oibre Leasaithe Rialacháin.

Tá OPC eagraithe ina trí ghrúpa, gach ceann acu freagrach as seirbhísí dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí áirithe an Rialtais agus foireann chléireach tacaíochta shainthiomanta ag gach grúpa, a mbíonn cur amach acu ar ghnó an Ghrúpa.

### Oifig Phríomh-Atur na Stáit

Is comhghné d' Oifig an Ard-Aighne í Oifig Phríomh-Atur na Stáit (CSSO). Is iad príomhfheidhmeanna an Ard-Aighne ná comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le hábhair dhlí agus le tuairimíocht dhlíthiúil, agus chun seirbhísí dréachtaithe agus dlíthíochta a chur ar fáil don Stát. Soláthraíonn Oifig Phríomh-Atur na Stáit na seirbhísí dlíthíochta sin chomh maith le réimse leathan seirbhísí dlí nach mbaineann dlíthíocht leo, cosúil le seirbhísí comhairleacha agus tiolactha. Is í feidhm Phríomh-Atur na Stáit ná feidhmiú mar atur na d'Éirinn, don Ard-Aighne, do na Ranna agus na hOifigí Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Stáit.

### Obair Oifig Phríomh-Atur na Stáit

Eagraítear Oifig Phríomh-Atur na Stáit ina cúig rannán dhlíthiúla; Comhairleach, Dlíthíocht an Dlí Choitinn, Ceartas agus Tearmann, Dlí Poiblí agus Maoin Stáit. Eagraítear gach rannán ina gcodanna (nó, i roinnt cásanna, i bhfoirne) ar bhonn cosúlachta oibre nó cliaint. Glacann an t-eagrúchán príomhéilimh na gcliant san áireamh.

Glacann eagrúchán na hOifige sna cúig rannán dhlíthiúla roinnt de na héilimh a mbítear ag dúil leo amach anseo ón Oifig san áireamh, cosúil leis an gcumas chun freagairt do ghníomhartha a bhaineann le Cúirt Cearta Daonna na hEorpa, leibhéal mhéadaithe rannpháirteachais le Cúirt Cheartais na hEorpa, agus seachadadh seirbhísí dlí chun tacaíocht a thabhairt do Chlár an Rialtais maidir le sábháilteacht núicléach. Glacann an struchtúr sin dúshláin bhainistíochta don oifig agus, go háirithe, na dúshláin a chruthaíonn an clár do nuachóiriú na seirbhíse poiblí san áireamh. Soláthraíonn an Oifig seirbhís na n-Atur na Stáit roinnt obair dhlíthiúil Stáit a thagann chun cinn go háitiúil.

### Riarachán

Tá Aonaid riaracháin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus ag Oifig Phríomh-Atur na Stáit chun tacú le hobair na foirne dlí trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar, cosúil le hAcmhainní Daonna, Oiliúint agus Forbairt, Airgeadas/Cuntais, Seirbhísí, Tacaíocht Chléireach, Tacaíocht Oifige Phríobháidí, Bainistíocht Athraithe, Teicneolaíocht Faisnéise, Iniúchadh Immheánach Clárlann/Ionad Clár agus Taifead agus Leabharlann agus Fios Gnó. Tá dlúth-theagmháil idir Chinn Riaracháin agus foireann cuí an Aonaid san dá Oifig agus a gcomhpháirtithe in Oifigí dlí eile maidir le ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar na hoifigí. Tá dlúth-theagmháil freisin idir Chinn Riaracháin agus foireann cuí an Aonaid agus foireann i Ranna Rialtais agus in Oifigí eile maidir le ceisteanna áirithe.

### Láithreán Gréasáin

Cuireann láithreán gréasáin na hOifige ag [www.attorneygeneral.ie](http://www.attorneygeneral.ie) cur síos mionsonraithe ar fáil ar rólanna, feidhmeanna, freagrachtaí agus obair an Ard-Aighne, an Abhcóide Chomhairligh, na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit.





## **Caibidil 2**

Ráiteas Misin agus Eochairchuspóirí

## Ráiteas Misin agus Eochairchuspóirí

Tá an Ráiteas Misin agus na heochairchuspóirí seo a leanas le fáil i Ráiteas Straitéise na hOifige 2003-2005:

*Is é Misean Oifig an Ard -Aighne ná seirbhísí gairmiúla dlíthiúla den chaighdeán is airde a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí Rialtais.*

Baineadh sé eochairchuspóir den Ráiteas Misin. Is iad sin:

- Soláthar de shainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse dlí a mbaineann fiorthábhacht leo ó thaobh Rialtais, Rann agus Oifigí de
- Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin
- A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla ar mhodh a shásaíonn na prionsabail a bhaineann le Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus a ghlacann an clár um athrú sa tseirbhís poiblí san áireamh
- Córais Theicneolaíocht na Faisnéise a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do gach gníomhaíocht gairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse, agus chun na gníomhaíochtaí sin a mheasúnú
- Rochtain ar eolas agus ar fhaisnéis a chur ar fáil do bhail fhoirne, a bhfuil gá leis chun seirbhísí agus acmhainní d'ardchaighdeán a sheachadadh trí sheirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus eolais a sholáthar agus a fhorbairt
- Cur le seirbhís poiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnaimh a thabhairt do chomhordú sheirbhísí dlíthiúla an Stáit.





## **Caibidil 3**

Príomhfhorbairtí sa bhliain 2004



## Cuid I: Forbairtí Dlíthiúla

### Obair Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfeán, sa bhliain 2004

#### Obair an Abhcóide Chomhairligh i 2004

Cuireann an tAbhcóide Comhairleach comhairle ar fáil do na Ranna agus na hOifigí ar fud raon iomlán speisialtachtaí atá tugtha thíos nuair a iarrtar sin uirthi. Tá Bainisteoir Grúpa, 4 nó 5 Abhcóidí Comhairleacha agus foireann chléireach tacaíochta i ngach aon Ghrúpa.

**Tá Grúpa A** freagrach as na réimsí a bhaineann leis an nGarda, dlí, príosúin, Feidhmeanna an Ard-Aighne, Angla-Éireannach, sócmhainní coiriúla, eiseachadadh, cúnamh frithpháirteach, ceapadh phacáistí teileachumarsáide agus poist, comhoibriú breithiúnach idirnáisiúnta, bearta dlí coiriúil an AE, clúmhillleadh, ceadúnú agus saincheisteanna na Gaeilge.

**Tá Grúpa B** freagrach as na réimsí a bhaineann le dlí idirnáisiúnta príobháideach, trádáil ócáideach agus fhánach, staitisticí, Acht na nIonstraimí Reachtúla, saincheisteanna dlí sibhialta, Binse Fiosrúcháin Haughey/Lowry - leas an phobail, díobháil phearsanta, sláinte, saincheisteanna fola, mí-úsáid leanaí, orgáin agus vacsaíní, ginmhilleadh, uchtú, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, dlí teaghlai, ombudsman, núicléach, sláinte agus sábháilteacht agus dlí comhshaoil.

**Tá Grúpa C** freagrach as na réimsí a bhaineann le tearmann agus inimirce, cúnaimh agus deontais stáit, dlí iomaíochta, craolachán, leictreachas, iascaigh, cladach, dlí na farraige, dlí loingseoireachta, cuanta, muiríní, seirbhís gardachósta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, mona, trádáil idirnáisiúnta, gás, dlí poist, iompar bóthair agus busanna, achtanna um thrácht bóithre, dlí ioncaim, comhaontuithe cáin dhúbailte, Bonneagar Náisiúnta/Plean Forbartha Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, An Ghaeltacht, saincheisteanna Angla-Éireannacha, Cosaint, Cosaint Tomhaltóirí, Árachas Creidmheasa onnmhairithe, Aisiócaíochtaí onnmhairithe, Iompar Air agus Iompar Iamróid.

**Tá Grúpa D** freagrach as na réimsí a bhaineann le caingin insteora, saincheisteanna féimheachta/dócmhainneachta/leachtaithe, carthanachtaí, An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Cuntas Leithreasaithe, Bille, meastacháin agus nósanna imeachta airgeadais a bhaineann leis an Exchequer and Audit Department Act 1866, Caiteachas Leithreasaithe agus Poiblí, Dlí Probháide agus Comharbais, Eadráin, baincÉireacht, Billí Malartáin, Cumainn Fhoirgníochta,

Dlí Cuideachta, Eitic, Árachas, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Cumaisc agus Monaplachtaí, Méadreolaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú, Peitriiliam, Monaplachtaí Stáit, an tAcht Maoine Stáit, Stocmhalartán agus Dlí Infheistíochta, Teileachumarsáid, Seirbhísí Sochaí na Faisnéise, UNCITRAL, Údarás Stáit eile, Dlí Toghcháin, Comhlacht Gnó agus Trádála Thuaisceart Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Rialacháin chun Gealltanais a Aistriú, Comhlachtaí Leathstáit, Tobac, Turasóireacht agus Achtanna Pleanála.

**Tá Grúpa E** freagrach as na réimsí a bhaineann le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, An tOireachtas agus Athchóiriú Oireachtais, Airí agus Rúnaithe, An tSeirbhís Phoiblí, Dlí Saothair, Cabhair Dlí, Cultúr, Cearta an Duine, Cróinéirí, conarthaí Rialtais lena n-áirítear soláthar poiblí, Seirbhís Taidhleoireachta agus Chonsalach, Coimisiún Athchóirithe Dlí, Pléascáin agus Airm thine, Cluichíocht, Achtanna Crannchuir agus Geallghlacadóireachta, Acht um Rúin Oifigiúla, Foraíseacht, Talmhaíocht agus Dlí Leasa Shóisialaigh.

**An Leas-Stiúrthóir Ginearálta:** Tá an Leas-Stiúrthóir Ginearálta freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhillleadh, Costais, Binsí Fiosrúcháin, Coistí Imscrúdaithe agus Coistí Oireachtais, agus saincheisteanna Institiúideacha an AE. Oibríonn an Attaché Dlí leis an Uiríoll Buan chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil freisin laistigh den ghrúpa seo.

Tarraingítear aird ar leith ar na hábhair seo a leanas a cuireadh in iúl le linn 2004.

#### Saincheisteanna Bunreachtúla

Ritheadh an Bille um an Seachtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2004 ar chearta saoránachta agus Bille Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 2004 ina dhiaidh sin le linn 2004 araon.

Comhairle ar an gConradh Bunreachtúil a ghlacadh i ndlí baile trí leasú a dhéanamh ar an mBunreacht agus ar Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go dtí 2002.

Cuireadh ní amháin faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí faoi Airteagal 26 den Bhunreacht chun comhoiriúnacht na dréacht-reachtaíochta a thástáil, mar atá An Bille Sláinte (Leasú) (Uimh.2) 2004 agus fuarthas go raibh sé aimhréireach leis an mBunreacht

Bhí an Stát mar pháirtí ag dlíthíocht ina raibh breithiúnais tábhachtacha mar thoradh uirthi sa réimse a bhain le dlí Bunreachtúil, de réir seo a leanas.



- O'Donoghue v An Bord um Chabhair Dlí, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tArd-Aighne. Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú ar an gceist an féidir le ceart bunreachtúil a bheith ann do chabhair dhlíthiúil shibhialta nuair a shainordaítear é le ceanglais an dlí bhunreachtúil. In imthosca áirithe an cháis, sáraíodh cearta bunreachtúla an Ghearánaí leis an moill fhada a bhí ann ó thaobh teastas chabhair dlí a bhronnadh.
- Blehein v An tAire Sláinte agus Leanaí. Rinne an Ard-Chúirt imscrúdú ar bhunreachtúlacht Alt 260 den Acht Cóireála Meabhair-Ghalair 1945.
- Máthair Richard Clare (Mionaoiseach) agus a cara Ann Clare ag agairt an dlí v An tAire Oideachais agus Eolaíochta, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Éire agus an Ard-Aighne. Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú ar chearta bunreachtúla chuig oideachas faoi Airteagail 40 agus 42 den bhunreacht.
- Leontjava v Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne. Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach bunreachtúlacht Alt 5 (1) (h) d'Acht na nEachtrannach 1935.
- DPP agus an tArd-Aighne v Freagróirí Leontjava agus Breitheamh na Cúirte Dúiche Mary Collins agus Breitheamh na Cúirte Dúiche Brophy (Páirtithe Fógra). Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach bunreachtúlacht Alt 2 den Acht Inimirce 1999 agus saincheisteanna a bhain le feidhm reachtaíochta an Oireachtais.
- O'Neill agus Quinn v Gobharnóir Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Rialtas na hÉireann. Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach discréd an Rialtais diúltú do dhaoine áirithe a scaoileadh amach go luath faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.
- Dunne v An tAire Comhshaoil, Oidhreacht, agus Rialtais Áitiúil, an tArd-Aighne agus Comhairle Chontae Dhún Laoghaire. Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach bunreachtúlacht Alt 8 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 2004, i gcomhthéacs dúshláin maidir le mótarbhealach an M50 a thógáil.
- Ó Murchú -v- Cléireach Dháil Éireann agus Eile. Bhreithnigh an Ardchúirt oibleagáid maidir le hAchtanna Oireachtais, ionstraimí reachtúla agus Rialacha Cúirte a aistriú agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm.

### Gnóthaí an AE.

Bhí seilbh Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh ag Éirinn le linn an chéad chuid den bhliain. Tugadh raon leathan tionscnamh beartais agus dlí tríd an gComhairle, agus slánaíodh comhaontú ar an gConradh Bunreachtúil.

### Cúirt Cheartais na hEorpa

Gníomhaíocht thábhachtach ab ea an bhaint a bhí le dlíthíocht a bhí os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa.

Bhí baint ag Éirinn le cúpla cás, eadhon:

- **C 200/02 Chen -v- Rúnaí Stáit don Roinn Baile.**
- **C 286/02 Bellio F. LLi -v- Prefettura di Treviso.**
- **C 338/01 Coimisiún na gComhphobal Eorpach -v- Comhairle.**
- **C96/03; C 97/03 Templeman agus an tUas. agus Bean T.H.J.M van Schaijk -v- Directeur van de Rijksdienst voor de Keuring van Vee en Vlees.**
- **C 191/03 Bord Sláinte an Iarthuaiscirt -v- McKenna: Réamhthagairt ón gCúirt Oibreachais in Éirinn.**
- **C 533/03 Coimisiún -v- Comhairle.**
- **C 131/04 agus C 257/04: Robinson agus Steel agus Clarke.**
- **C 452/03 RAL (Oileáin Mhuir nIocht) Teo. agus eile -v- Coimisinéir Custam agus Máil;**
- **C-173/03 Fallimento "Traghetti del mediterraneo" SpA -v- Repubblica Italiana**
- **Treoracha Árachais Mhótair.**
- **T-289/03 BUPA -v- Coimisiún an AE**
- **C-459/03 Gníomh an Choimisiúin -v-Éire**
- **C-165/04 - Coimisiún -v- Éire.**

### An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

Tá comhairle faoi réimse nua agus réimse forbartha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus dlíthíocht sa Chúirt thall in Strasbourg tar éis dul i méid.

Rinne Éire idirghabháil sna cásanna seo a leanas le linn na bliana:

- 45036/98 - Bosphorus -v- Éire
- 26499/02 - D -v- Éire



- 7379/01 - Kyprianou -v- An Chipir.
- 18/2003 - Eagraíocht Dhomanda in aghaidh an Chiaphtha (OMCT) -v- Éire

#### Dlí Idirnáisiúnta

Thug an Oifig comhairle ar go leor Coinbhinsiún, Prótacal agus Comhaontuithe idirnáisiúnta, ar chásanna agus ar fhorbairtí reachtúla sa dlí idirnáisiúnta sa bhliain 2004.

#### Tuaisceart Éireann

Chuir Tuaisceart Éireann raon saincheisteanna dlíthiúla i láthair.

#### Binsí Fiosrúcháin agus Fiosrúcháin

Mar aon le blianta roimhe seo, ba chomhchuid thábhachtach d'obair an Abhcóide Chomhairligh a bhí i saincheisteanna dlíthiúla a bhain le binsí fiosrúcháin reachtúla agus neamh-reachtúla.

#### An ceartas agus an dlí coiriúil

Bhí an réimse a bhain leis an gceartas agus le dlí coiriúil an-ghníomhach le linn 2004.

#### Eiseachadhadh

Bhain tábhacht agus forbairt leis an eiseachadhadh le linn 2004. Rinneadh Chuid III den Acht um Eiseachadhadh (a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann) a aisghairm mar gheall gur tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 i bhfeidhm. Beidh na hOileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann anois laistigh de Chuid II a bhaineann le tíortha lasmuigh den AE. Bhí roinnt iarratas eiseachadha leochaileacha agus deacra ann, agus thug an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach bhreithiúnais tábhachtacha thar raon cásanna.

#### Barántas Gabhála Eorpach

Mar thoradh ar na nósanna imeachta nua san Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 (éifeacht leis ó Eanáir 2004) is ea atá gá anois ann comhairle dlí a fháil sa réimse nua seo, agus tá roinnt breithiúnas tábhachtach déanta freisin mar gheall air sa Chúirt Uachtarach.

#### Cúnamh Frithpháirteach

Tugann an Oifig comhairle don Údarás Lárnach maidir le sruth seasmhach iarratas ar chúnamh frithpháirteach dlí sa réimse coiriúlachta de bhua Choinbhinsiún na hEorpa ar Chúnamh Frithpháirteach i gCeisteanna Coiriúlachta, 1959.

#### Eagrais Idirnáisiúnta agus Eagrais de chuid an AE.

Bhí baint freisin ag an Oifig le grúpaí oibre in UNCITRAL maidir le moltaí chun an tSamhail Dhlí ar

Eadráin Tráchtála Idirnáisiúnta a leasú agus ar an gcomhaontú faoi dhréacht-Choinbhinsiún um úsáid na Cumarsáide Leictreonaí i gConarthaí Idirnáisiúnta.

Sholáthair an tAbhcóide Comhairleach comhairle dlí agus tacaíocht do thoscaireacht na hÉireann a d'fhreastail ar chruinnithe na NA ar Dhaonra agus Forbairt, ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daoine le Míchumas atá beartaithe agus ag cruinnithe maidir le Prótacal Khiótó um Athrú Aeráide.

Lena chois sin is ea atá saineolas dlí curtha ar fáil ag comhaltaí na hOifige don Choiste ar Dhlí Nuicléach (Nuclear Energy Agency, brainse den OECD), tinreamh an tSainghrúpa Idirnáisiúnta ar Dhliteanas Nuicléach (INLEX), ar Choinbhinsiún na NA um Athrú Aeráide 10ú Comhdháil na bpáirtithe a tionóladh i mí na Nollag 2004, agus Grúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Dhlí Teaghlaigh. Déantar freastal chomh maith ar Ghrúpaí Oibre UNCITRAL ar Ríomh-Thráchtáil, Dlí Dócmhainneachta, Eadráin agus Leasanna Slándála.

Bhí comhalta Oifige rannpháirteach i bhFoireann Meastóireachta Greco a rinne an dara babhta meastóireachta ar dhlíthe frithchaimiléireachta na Gearmáine i 2004. Bíonn an Oifig rannpháirteach i nGrúpa Oibre Dlí Riaracháin Chomhairle na hEorpa agus i gCoiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.

D'fhreastail Abhcóide Comhairleach ar chruinnithe ghrúpa oibre an AE de shaineolaithe náisiúnta a raibh baint acu le comhchreatlach tagartha a chur le chéile i gcás dlí conartha laistigh den AE. Bhí ionadaí rannpháirteach freisin sna cruinnithe go léir a tionóladh mar ullmhúchán ar an gCoinbhinsiún um Rogha Eisiach ar Chomhaontuithe Cúirte.

#### Saincheisteanna Idir-rannacha nó tras-ghearrtha

Bhí baint ag comhaltaí na hOifige le raon saincheisteanna idir-rannacha. Tá siad sin liostaithe in Aguisín E.

#### An Coimisiún Athchóirithe Dlí

Thug an Oifig tacaíocht leanúnach don Choimisiún Athchóirithe Dlí le linn 2004 agus ghlac sí cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach a chuir roimhe obair an Choimisiúin Athchóirithe Dlí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí sna Ranna.

Bhuail an tArd-Aighne leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí i mí Eanáir le haghaidh cruinniú foirmiúil maidir lena chlár oibre, agus coinníodh teagmháil ar bhonn neamhfhoirmiúil idir an fhoireann ghairmiúil ar feadh na bliana chun malartú eolais agus saineolais a éascú de réir dea-chleachtais bhainistíochta eolais.



### Abhcóide Comhairleach in Uiríoll Buan na hÉireann sa Bhruiséil 2004

Tugadh an dara hAbhcóide Comhairleach ar iasacht don Uiríoll Buan, ó mhí na Samhna 2003 go dtí Meitheamh 2004, a fhad agus a bhí Uachtaránacht an AE ag Éirinn, agus áiríthíodh Taighdeoir Dlí sa Bhruiséil don tréimhse chéanna. I measc fhreagrachtaí aon-uaire na gComhairleoirí Dlí a bhain go sonrach leis an Uachtaránacht bhí:

- Cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre na Cúirte Ceartais
- Cabhrú leis an réiteach déthaobhach ar dheacrachtaí dlíthiúla teicniúla a bhí ag Ballstáit eile maidir le reachtaíocht a rabhthas á plé sa Chomhairle.
- Comhairle a thabhairt d'oifigigh na Roinne agus do na Buan-Ionadaithe a tháinig chun cinn maidir lena gcathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre na Comhairle agus COREPER I agus II.

Cé is moite den Uachtaránacht Éireannach, i measc an tsaothair eile ar theastaigh go leor aird uaidh san Uiríoll Buan le linn 2004 bhí:

- Ullmhúchán teicniúil ar an gConradh Bunreachtúil, sa Ghrúpa Dréachtaithe ar an gConradh Bunreachtúil.
- Comhairliúchán ar dhréacht-leasú do Bhunreacht na hÉireann i ndáil leis an gConradh Bunreachtúil.

### Obair na nDréachtóirí Parlaiminte i 2004

Bhí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) bainteach le dréachtú líon mór Billí agus Ionstraimí Reachtúla le linn 2004. I measc na 46 Bille Rialtais a foilsíodh (féach Iarscribhinn A) agus na 44 Bille a ritheadh (féach Iarscribhinn B) le linn 2004, thug an Oifig faoi roinnt mhórtionscnamh dréachtaithe lena n-áirítear:

- An Bille um Shaoire Uchtaíoch 2004 trína ndéantar leasú ar an Acht um Shaoire Uchtaíoch 1995 chun na moltaí a rinne an Grúpa Oibre ar Athbhreithniú agus Feabhas ar Reachtaíocht um Chosaint Mháithreachais maidir le saoire mháithreachais a chur i bhfeidhm i gcás saoire uchtaíoch;
- Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004 lena mbunaítear Ombudsman Seirbhísí Airgeadais chun déileáil le gearáin a bhíonn ag tomhaltóirí maidir le hinstitiúidí airgeadais, cuireann oibleagáidí tuairiscithe agus iniúchta nua i bhfeidhm ar institiúidí airgeadais agus forálann do phionóis riaracháin;

- An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 lena gcuirtear nósanna imeachta nua i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí díobhála pearsanta a thabhairt. Laghdaíonn sé an tréimhse teorannaithe le haghaidh caingin díobhála pearsanta ó 3 bliana go 2 bhliain. Cuireann sé beartais frith-chalaoise i bhfeidhm chomh maith agus córas idirghabhála éigeantach idir páirtithe a mbíonn baint acu le caingin díobhála pearsanta. Lena chois sin, rinne sé príomhshruthú ar na nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí den sórt sin a thabhairt ionas go mbíonn na fíricí sa díospóid soiléir ón tús;
- An tAcht um Chlárú Sibhialta 2004 ina bhfuil foráil chun an córas cláraithe breitheanna, marbh-bheitheanna, uchtuithe, póstaí agus básanna a atheagrú agus a nuachóiriú. Tá an tAcht mar bhonnataca ag forbairt seirbhíse a thugann freagra ar riachtanais na sochaí nua-aimseartha. Baineann clárú sibhialta le taifead a dhéanamh ar gach ócáid saoil. Leis na taifid sin a chruthaítear bunfhoinsé eolais leanúnach faoin daonra.
- An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004 ina bhforáiltear do bhunú coimisiúin chun imscrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar ábhair a mheastar a bheith tábhachtach don phobal agus foráil a dhéanamh do chumhachtaí coimisiúin den sórt sin;
- An Bille um Cheartas Coiriúil 2004 ar Bille forálacha ilghnéitheacha é a chlúdaíonn roinnt réimsí den dlí coiriúil agus nós imeachta a bhaineann le coireanna a imscrúdú, an inghlacthacht a bhí le ráitis fhinnéithe áirithe, achomhairc ionchúisimh, roinnt coireanna a bhaineann le táille shocráithe agus roinnt saincheisteanna teicniúla. D'eascair roinnt forálacha den Bhille ó mholtaí a rinne an Sainghrúpa a cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i ndiaidh moltaí chun athruithe a dhéanamh ar an dlí coiriúil a bhí i dTuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha ar Éifeachtúlacht agus Éifeachtachas an Gharda Síochána (Tuarascáil SMI na nGardaí). Fuair roinnt eile forálacha den Bhille a bhain le fianaise fóirínseach agus achomhairc ionchúisimh treoir ó imscrúdú a rinne an Coimisiún Athchóirithe Dlí ar na saincheisteanna sin;
- An Bille Míchumais 2004 ar chuid lárnach de Straitéis Míchumais Náisiúnta an Rialtais é le bheith mar bhonnataca ag rannpháirtíocht chothrom a bheith ag daoine le míchumas sa tsochaí. Tá foráil sa Bhille chun measúnú riachtanais a dhéanamh agus ráiteas seirbhíse a ullmhú do dhaoine le míchumas. Déileálann an Bille freisin le rochtain ar fhoirgnimh, seirbhísí agus eolas poiblí, chomh maith le foráil a dhéanamh chun pleananna earnála a ullmhú agus a



fhoilsiú i gcás príomhsheirbhísí poiblí mar iompar, fostaíocht agus sláinte. Tá foráil sa Bhille le haghaidh roinnt ábhar eile lena n-áirítear teorannú ar an úsáid a bhaintear as sonraí géiniteacha agus spriocanna a leagan síos chun daoine le míchumas a fhostú sa tseirbhís phoiblí;

- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 a dhéanann foráil shonraithe trína bhféadfaí oideachas leanaí le riachtanais oideachais speisialta a chinntiú mar cheart is féidir a fhorfheidhmiú leis an dlí;
- Bille an Gharda Síochána 2004 a dhéanann athchóiriú ar an dlí a bhaineann le riarachán agus bainistíocht an Gharda Síochána, lena n-áirítear ról Choimisinéir na nGardaí agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi seach. Fuair an ghné sin den Bhille treoir ó Thuarascáil sa bhliain 2002 a forbraíodh faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach ar Fheidhmíocht agus ar Chuntasacht sa Gharda Síochána. Tá foráil sa Bhille freisin chun comhlacht neamhspleách a bhunú chun gearáin a dhéanann an pobal in aghaidh chomhaltáí an Gharda Síochána a imscrúdú, ar a dtabharfar Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Tiocfaidh an comhlacht sin in áit Bhord Gearán an Gharda Síochána;
- An Bille um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2004 ina bhfuil foráil do bhunú agus feidhmeanna Chomhairle Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus boird chlárúcháin i gcás gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe áirithe. Tá foráil ann chomh maith do chlárú daoine atá incháilithe chun teideal gairmí ainmnithe a úsáid agus chun gearáin a bhaineann lena n-inniúlacht chun dul i mbun cleachtais a chinneadh;
- An tAcht Inimirce 2004 ina bhfuil foráil chun iontráil isteach sa Stát a rialú, achar agus coinníollacha fanachta sa Stát agus oibleagáidí a bhíonn ar neamhnáisiúnaigh a fhad agus a bhíonn siad anseo. Cuireadh an tAcht tríd an Dáil i ndiaidh cinneadh de chuid na hArd-Chúirte i gcás *Leontjava -v- DPP* agus eile agus roimh sheachadadh chinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chás sin;
- An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 a thugann éifeacht do na moltaí de Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Athbhreithniú agus Feabhas ar Reachtaíocht um Chosaint Mháithreachais. Bhí príomh-mholtaí na Tuarascála sin maidir leis an íostréimhse saoire máithreachais (agus an teidlíocht eile ó thaobh saoire don athair sa chás go bhfaigheadh an mháthair bás le linn na tréimhse saoire) curtha i bhfeidhm ag Rialacháin Aireachta a rinneadh sa bhliain 2001;
- An Bille um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2004 a chuireann roinnt moltaí an Ghrúpa Oibre ar Athbhreithniú agus Feabhas ar an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 i bhfeidhm;
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ina bhfuil foráil chun leasuithe a chur i bhfeidhm ar an earnáil cíosa phríobháidí agus a thugann isteach beartas slánaíochta tionachta do thionóntaí. Lena chois sin, tá foráil ann chun an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a bhunú chun díospóidí a thagann chun cinn san earnáil a réiteach;
- An Bille um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2004 a dhéanann comhdhlúthú, uasghrádú agus a thagann in áit an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus a thugann éifeacht bhreise do Threoir Comhairle 89/391/CEE chun beartais a thabhairt isteach chun feabhsúcháin sa tsábháilteacht agus sláinte oibrithe a spreagadh agus Treoir Comhairle 89/391/CEE ar bheartais chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe ag an obair a bhfuil caidreamh seasta nó fostaíocht shealadach acu;
- An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2004, a thugann isteach, mar aon leis an Acht Sláinte Poiblí Tobac 2002, córas cláraithe miondíoltóirí tobac agus cosc ar urraíocht agus ar fhógraíocht táirgí tobac. Rinne sé foráil freisin do chosc ar chaitheamh tobac in ionaid oibre a chuir Rialacháin déanta i 2004 i bhfeidhm;
- An Bille um Chleachtadh Tréidliachta 2004 a bhunaíonn Comhairle Tréidliachta na hÉireann chun gairmithe tréidliachta a rialú lena n-áirítear altraí tréidliachta. I measc fheidhmeanna na Comhairle atá clárúcháin, inniúlacht chun cleachtadh, oideachas agus áitreabh tréidliachta. Déanann an Bille aisghairm ar Achtanna 1931 go 1960.
- An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004 ina bhfuil foráil chun Parlaimint na hEorpa a reáchtáil, toghcháin áitiúla agus uachtaránachta agus reifrinn ag úsáid meaisíní vótála agus comhaireamh vótála leictreonaí;
- Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004 a thugann discríd don Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun toiliú a bhronnadh nó treoracha a eisiúint maidir le séadchomharthaí náisiúnta in ainneoin go bhféadfadh díobháil a bheith



i gceist lena leithéid de thoiliú nó treoracha, díobháil nó cur isteach ar an séadchomhartha, nó é a scriosadh go hiomlán, nó cuid de. Agus sin á dhéanamh, ní bheidh an tAire teoranta chuig breithiúnais seandálaíochta, ach b'fhéidir go mbreithneofaí an leas poiblí i gcoitinne;

- An tAcht um an Seachtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2004 a thugann éifeacht don leasú ar Airteagal 9 den Bhunreacht. Tá foráil sa leasú nach bhfuil ceart bunreachtúil don tsaoránacht ach ag daoine a rugadh ar oileán na hÉireann do thuismitheoirí a bhfuil ar a laghad duine amháin acu i dteideal saoránacht na hÉireann a bheith acu agus go gcaithfidh foráil a bheith sa dlí d'aon teidlíocht eile ar shaoránacht i gcás daoine eile a rugadh ar oileán na hÉireann. Is í an éifeacht atá ag an leasú nach mbronntar teidlíocht do shaoránacht na hÉireann go huathoibríoch ar dhaoine a bheirtear ar oileán na hÉireann;
- Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 2004 a achtaíodh i ndiaidh achtú an Bhille um an Seachtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2004. Tá foráil ann, chomh maith leis an gcatagóir a bhaineann le daoine a mbronntar teidlíocht orthu do shaoránacht na hÉireann le hAirteagal 9 den Bhunreacht, i gcás duine a bheirtear ar oileán na hÉireann agus a bhfuil duine dá gcuid tuismitheoirí:
  - a) ina saoránach de chuid na Breataine nó duine atá i dteideal cur fúthu i dTuaisceart Éireann gan aon srian ar a thréimhse/tréimhse chónaithe, nó
  - b) ina gcónaí go dleathach sa Stát nó i dTuaisceart Éireann sna 3 nó 4 bliana díreach sula mbeirtear an leanbh lena mbaineann,

atá i dteideal shaoránacht na hÉireann. Bhí sé sin riachtanach lena chinntiú nár sháraigh an Stát aon cheann dá chuid tiomantas faoi Chomhaontú Angla-Éireannach 1998 agus chun aon idirdhealú idir daoine a bheirtear sa Stát agus daoine a bheirtear i dTuaisceart Éireann a sheachaint;

- An tAcht Sláinte (Leasú) 2004 ina bhfuil foráil chun fáil réidh le ballraíocht ar na 7 mbord sláinte, Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir agus na 3 bhord limistéir shláinte;
- An tAcht Sláinte 2004 ina bhfuil foráil chun Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhunú chun teacht i gcomharbacht ar Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir, na Boird Limistéir Shláinte agus roinnt comhlachtaí eile san earnáil sláinte. Tá foráil san

Acht le haghaidh feidhmeanna agus struchtúr eagraíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

- An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 a fhéachann le creatlach nua-aimseartha agus éifeachtúil a sholáthar i gcás earcaíocht na seirbhíse poiblí trí chumasú Rann Rialtais agus ar chomhlachtaí eile de chuid na seirbhíse poiblí foireann a earcú go díreach chomh maith lena dhéanamh trí chóras lárnaithe;

Chomh maith leis an ualach oibre a bhain le reachtaíocht phríomha, dréachtaíodh 291 ionstraim reachtúil laistigh den OPC le linn 2004. Ina measc sin a bhí 49 trasuíomh de chuid na gComhphobal Eorpach.

I gcomhthéacs an chomhairliúcháin leanúnaigh le hOifig na mBillí i dTithe an Oireachtais maidir le roinnt athruithe a bhí molta ar leagan amach agus léiriúcháin Billí agus Achtanna a bhí cheana ann, ag féachaint le forbairtí i ndlínsí eile, rinne an OPC imscrúdú ar Bhille agus ar Acht samplach a chuir Oifig na mBillí isteach agus a chuireann feabhas breise ar inrochtaineacht na reachtaíochta. D'iarr an OPC go n-ullmhófaí samplaí athbhreithnithe féachaint le comhairliúchán níos leithne a chur ar bun le Ranna agus le hOifigí agus go bunúsach le comhaltáí Thithe an Oireachtais agus go háirithe an Coiste um Pribhléid agus Nós Imeachta.

#### **Obair Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i 2004:**

Is achoimre é seo a leanas ar an obair a rinneadh i Rannóg Dlí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit le linn 2004.

#### **Rannán an Dlí Phoiblí**

Is éard atá i Rannán an Dlí Phoiblí ná an Rannóg Tráchtála agus Bunreacht agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha agus pléann sé le raon leathan dlíthíochta, agus tá cáil mhór ar chuid mhaith de na cásanna, bíonn teorainneacha ama diana le comhlíonadh agus réimsí coimpléascacha dlí ag baint leo.

#### **An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta**

Chuaigh cuid mhaith de na cásanna a éisteadh sa Rannóg seo le linn 2004 chuig éisteacht iomlánach, agus bhí raon leathan saincheisteanna ag baint leo mar dhlí tráchtála, bunreachta, conartha, fostaíochta, árachais, idirnáisiúnta, maoine intleachtúla, comhshaoil, pleanála, toghcháin, sláinte poiblí, leasa shóisialaigh, riaracháin agus an Aontais Eorpaigh.

#### **Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha**

Is éard is ciall le hAthbhreithniú Breithiúnach ná an próiseas ina bhfeidhmítear rialú breithiúnach ar



ghníomh riaracháin agus ina gcleachtann an Ard-Chúirt dlínseacht thar na himeachtaí agus cinntí na gcúirteanna íochtaracha, binsí fiosrúcháin agus comhlachtaí eile a chuireann feidhmeanna leath-bhreithiúnacha i bhfeidhm nó atá freagrach as achtanna agus dualgais phoiblí a chomhlíonadh.

Chomh maith le bheith ag déileáil le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha, is amhlaidh atá an Rannóg freagrach chomh maith as iarratais habeas corpus, cásanna luaite, cásanna uchtála, litreacha iarratais ó bhinsí fiosrúcháin eachtracha agus as doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán Comhairle AE Uimh. 1348/2000 agus Choinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le seirbheáil cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha thar lear i gcúrsaí sibhialtacha agus tráchtála.

#### An Rannán Ceartais agus Tearmainn

Tá trí Rannóg sa Rannán seo, mar atá ann Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, an Rannóg Tearmainn agus An Rannóg Seirbhísí Dlí.

#### An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta

Déileáil an Rannóg seo le hImeachtaí Eiseachadta, iarratais ar Bharántais Ghabhála san Eoraip, comhairle a thabhairt maidir le daoine a aistriú faoi na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995 agus 1997 agus Iarratais ar Áitreabh Póilíní. Bíonn an fhoireann sa Rannóg seo i mbun Ionchúisimh Aireachta sa chúirt freisin, déanann siad ionadaíocht ar an nGarda Síochána ag éisteacht iarratais Cheadúnúcháin Deochanna Meisciúla agus soláthraíonn siad ionadaíocht don Stát ag coistí cróinéara.

Tugadh isteach an Barántas Gabhála Eorpach ar 1 Eanáir 2004 faoi Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 a thug éifeacht do Chinneadh Creatlaí Comhairle 13 Meitheamh 2002 ag déileáil le nósanna imeachta géillte idir Ballstáit den Aontas Eorpach, agus tháinig siad in áit nósanna imeachta eiseachadta idir Stáit den sórt sin.

Dhéileáil an Rannóg leis an gcéad chás faoi Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 le linn 2004. Sholáthair sé ionadaíocht chomh maith don Gharda Síochána ag Fiosrúchán Bhuamálacha Bhaile Átha Cliath agus Mhuineacháin i ndáil le bás 34 duine i mBealtaine 1974.

Bunaíodh painéal foirne ar dualgas san Oifig le linn na bliana chun seirbhís iomlán a sholáthar lasmuigh d'uaireanta oifige, i gcásanna Eiseachadta agus Barántais Gabhála Eorpacha.

#### An Rannóg Tearmainn

Láimhseálann an Rannóg seo cásanna tearmann, inimirce agus athdhúichithe.

#### An Rannóg Seirbhísí Dlí

Tá an Rannóg sin freagrach as Cuntasaíocht Costais Dlí agus as costais dlí atá dlite ar an Stát a aisghabháil. Tá sé freagrach freisin as ionchúisimh agus achtanna Aireachta a ullmhú do na hÚdaráis Stáit in éilimh Chúitimh an Gharda agus don Choimisinéir Luachála in achomhairc a thagann os comhair Bhinse Fiosrúcháin Luachála. Láimhseálann sé freisin iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach i gceisteanna coiriúla ó údaráis chúil i ndlínsí eile; agus cás amháin suntasach ar déileáladh leis i rith na bliana ab ea cás Dylan Creavan mar ar bhreithnigh an Chúirt Uachtarach, inter alia, agus inar nochtadh cáipéise ag cúlghearradh an iarratais le haghaidh barántais chuardaigh.

#### Rannán Dlithíochta an Dlí Choitinn

Tá trí Rannóg le fáil i Rannán Dlithíochta an Dlí Choitinn, An Rannóg um Chailleadh Éisteachta san Arm, Rannóg na nÉileamh Tortach agus Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta;

#### Rannóg um Chailleadh Éisteachta san Arm

Bunaíodh an Rannóg seo i 1995 chun déileáil go heisiach le dlithíocht chailleadh éisteachta a thug comhaltaí agus iar-chomhaltaí de chuid Óglaigh na hÉireann in aghaidh an Stáit. Chuir an Scéim Luathshocraithe do chásanna Chailleadh Éisteachta san Arm a bunaíodh i 2001 deireadh lena cuid oibre ag deireadh Bealtaine 2004, agus bhí 4,614 cás socraithe faoin tráth sin. Faoin 31 Nollaig 2004 bhí 16,731 éileamh ar fad curtha isteach agus fuarthas réidh le 15,436 cás ar fad, agus 1,295 cás fós le héisteacht.

#### Rannóg na nÉileamh Tortach

Déileáiltear le héilimh thortacha éagsúla a déantar in aghaidh an Stáit sa Rannóg seo, lena n-áirítear éilimh ar dhamáistí i gcás faillí agus dualgas reachtúil a shárú, núis, dliteanas áititheoirí, bulaíocht agus ciapadh, clúmhillleadh, foghail, tiontú agus míchoinneáil, ionchúiseamh mailiseach, príosúnacht neamhdhleathach, neamhord brú iar-thrámach agus achomhairc heipitítis.

Tá an Rannóg freagrach freisin as déileáil le saothar mí-úsáid leanaí lena n-áirítear dlithíocht as éilimh faoi mhí-úsáid in Institiúidí Cónaitheacha agus Scoileanna Lae. Bunaíodh Aonad sa Rannóg i 2004 chun déileáil go sonrach le ceisteanna a tháinig os comhair an Choimisiúin chun Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú, agus i measc obair an aonaid a bhí treoracha a chomhlíonadh ó thaobh cáipéisíocht a aimsiú agus freastal ar éisteachtaí poiblí faoi mar a tháinig mí-úsáid leanaí chun cinn agus faoi Institiúidí Cónaitheacha.



**Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta**

Déileáil an Rannóg seo le héilimh ar dhamáistí as díobhálacha pearsanta mar thoradh ar thimpiste, mar chásanna sciortha agus titime agus timpistí bóthair. Gníomhaíonn an Rannóg do Ghníomhaireacht na nÉileamh Stáit i gcás éileamh arna dtarmhligean don Ghníomhaireacht faoi Ordú um Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmhligean agus a Bhronnadh) 2001. Tá sé freagrach chomh maith as éilimh a láimhseáil a fhéachann le cúiteamh a fháil as ionsaithe a líomhnaítear a bheith déanta ag comhaltai an Gharda Síochána agus ag Oifigigh Phríosúin.

Thug ionstraimí reachtúla a rinneadh le linn na bliana forálacha den Acht um Bord Measúnachta na nDíobhálacha Pearsanta 2003 i bhfeidhm leis an éifeacht go gcaithfear gach éileamh ar dhíobháil phearsanta a thagann as timpistí san ionad oibre, bóthair agus timpistí dliteanais phoiblí (ach amháin i gcás éilimh ar dhíobháil phearsanta ina mbíonn faillí leighis) ó na dátaí sonraithe, a chur ar aghaidh chuig Bord Measúnachta na nDíobhálacha Pearsanta sular féidir imeachtaí dlí a eisiúint.

**Rannán Áitreabh an Stáit**

Déileáil an Rannóg Áitreabh an Stáit le hidirbheartaíochtaí áitribh agus le saincheisteanna teidil don Stát. Tá an Rannán eagraithe i dtrí Rannóg.

**Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí**

Is tiolacadh tráchtála is mó a bhíonn ar bun ag an Rannóg seo agus áirítear leis cóiríocht a fháil ar léas tráchtála do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus áitribh a fháil agus fáil réidh leo faoi chlár mar an Clár Dílárnaithe, Clár Sócmhainní Stáit a Nuachóiriú, An Clár Soláthair Shuíomh Scoile agus an Tionscnaíocht um Thithíocht Inacmhainne. Ar an mórobair a láimhseáladh i rith 2004 bhí an Comhaontú um Cheadúnas Gréasáin 3G agus diúscairt áitreabh ag Lána Lad agus 72-76 Faiche Stiabhna.

**An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt**

Déileáil an Rannóg seo le cúrsaí maoinne idirbheartaíochta agus comhairleacha do na Ranna Rialtais seo a leanas:- na Ranna Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Talmhaíochta agus Bia, Fiontar Trádála agus Fostaíochta, Iompair, Cosanta, Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoireachta. I measc na hoibre siúd a bhíonn léasanna agus ceadúnais chladaigh, díolacháin agus léasanna ar áitribh ag Ionaid Chuanta Iascaireachta agus áitreabh a dhíol nach dteastaíonn le haghaidh cúrsaí míleata a thuilleadh. Tá an Rannóg freagrach freisin as obair dhlíthiúil maidir leis an gceist a bhaineann le Deontais an Chranchnuir Náisiúnta.

**An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Dlí agus Oidhreacht**

Áirítear leis an obair a dhéantar sa Rannóg seo gnéithe maoinne de Scéim Slánaíochta Sásaímh na nInstitiúidí Cónaitheacha, tarscoileadh ar áitreabh chuideachtaí díscailte faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus an déileáil le eastáit eiséataithe sa chás gurb é an Stát an chomharbacht díthiomnóra bhunúsach. Clúdaíonn an obair oidhreachtá seadchomharthaí náisiúnta a aimsiú, áitribh stairiúla agus talamh portaigh chun críche caomhnaithe.

**An Rannán Comhairleach**

Tá trí Rannóg sa Rannán Comhairleach.

**An Rannóg Chomhairleach Speisialta**

Tá príomhfhreagracht ar an rannóg seo as déileáil le hobair na mBinsí Fiosrúcháin. Sholáthair aturnaetha as an Rannóg Chomhairleach ionadaíocht le linn na bliana do Choimisinéir an Gharda agus don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an mBinse Fiosrúcháin a bhain le gearáin faoi Ghardaí ag Rannán Dhún na nGall agus ionadaíocht don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an mBinse Fiosrúcháin faoi Íocaíochtaí do na hUaisle Charles Haughey agus Michael Lowry. Rinne aturnaetha ón Rannóg ionadaíocht chomh maith ar Choimisinéir an Gharda ag an mBinse Fiosrúcháin faoi na Fírící agus na hImthosca a bhain leis an gcás inar Bhásaigh John Carthy de bharr a Chaite ag Mainistir Leathrátha.

**An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta**

Déileáil an Rannóg seo le ceisteanna comhairleacha agus dlíthíochta ginearálta, lena n-áirítear ag tionscnamh dlíthíochta Gearánaí thar ceann an Stáit, imeachtaí dlí cuideachta, eadránacha, ceisteanna uchtaíochta, iniúchadh agus forbairt mianadóireachta agus peitriúil, ionchúisimh mar ionchúisimh fhiadhúlra agus gnáthóige, chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar an Stát ar cheisteanna leasa an phobail os comhair Binsí Fiosrúcháin.

**Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa**

Déileáil an Rannóg le hobair fostaíochta agus déanann sí ionadaíocht thar Ranna agus thar Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair Coimisinéirí Ceart, an Chúirt Oibreachais, Binsí Achomhairc Fhostaíochta agus an Stiúrthóir Imscrúdaithe Comhionannais. Tá sé freagrach chomh maith as ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa Clúdaíonn obair na Rannóige seo conarthaí tráchtála áirithe chomh maith.

**Gníomhairí ag Cruinniú Chúirt Cheartais na hEorpa**

I Meán Fómhair 2004, bhí Príomh-Aturnaetha an Stáit,





Gníomhaire na hÉireann i gCúirt Cheartais na hEorpa i mbun cruinnithe aon lae de Ghníomhairí ó Bhallstáit eile den Aontas Eorpach i mBaile Átha Cliath agus ba é an t-ábhar a bhí acu “Enlargement and the Role of the European Court of Justice Agent”. I measc na gcainteoirí ag an gcruinniú a bhí an tArd-Aighne agus Príomh-Atur na Stáit, comhaltaí breithiúnacha agus dlí agus lucht acadúil. Tháinig deireadh leis an lá le seisiún ceisteanna agus freagraí eolacha ar a raibh Stiúrthóir Ginearálta Oifig Shráid Mhuirfean ina chathaoirleach agus i measc na ndaoine a bhí ar an bpainéal a bhí ionadaithe as Cúirt Cheartais na hEorpa, as an gCoimisiún Eorpach agus as an Leabharlann Dlí. Chuir an cruinniú deis iontach ar fáil do thoscáirí bualadh le comhghleacaithe as tíortha eile den AE agus eolas áisiúil a mhalartú ar an gCúirt agus ar imeachtaí na cúirte.

## Cuid II: Forbairtí Eagrúcháin

### Coistí Comhairleacha Bainistíochta

Mar léiriú ar nuachóiriú leanúnach na hOifige, chas Coiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh MAC), ionadaí as bainistíocht shinsearach Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit, le chéile uair gach re mí le linn 2004 chun comhairle a chur ar an Ard-Aighne faoi shaincheisteanna a bhí ina n-ábhar inniúil ag an dá Oifig. Bhuail Coistí Comhairleacha Bainistíochta (MAC) le chéile freisin ar bhonn míosúil chun comhairle a thabhairt don Stiúrthóir Ginearálta, don Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus do Phríomh-Atur na Stáit, mar is cuí.

### Foirniú

Faoi dheireadh 2004 b'ionann líon iomlán foirne in Oifig Shráid Mhuirfean agus 123, níor tháinig aon athrú air sin ó 2003, le 3 phost, agus b'ionann é agus 232 (237 i 2003) le 12 post in Oifig Phríomh-Atur na Stáit. I rith na bliana earcaíodh foireann nua chomhairleach agus dréachtaithe, dhlíthiúil, riaracháin agus cléireachais in Oifig Shráid Mhuirfean agus foireann dhlíthiúil, theicniúil agus riaracháin in Oifig Phríomh-Atur na Stáit.

### Na Cairteanna Cliant agus Custaiméara

Tar éis dhianphróiseas comhairliúcháin le cliant, dhréachtaigh Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit a gcéad Cairteanna Cliant agus Custaiméara i mí na Nollag 2004, cairteanna a foilsíodh agus a cuireadh ar láithreán gréasáin na hOifige i Márta 2005. Tá cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i gCaibidil 6 den Tuarascáil seo.

### Teicneolaíocht na Faisnéise

Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach, leanúnach ar

fhorfeidhmiú na Straitéise Teicneolaíochta Faisnéise in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit araon. Diríodh go príomha le linn 2004 ar fhorfeidhmiú an Chórais Bhainistíochta Cásanna agus Taifead nua a chur chun cinn sna hOifigí araon, agus céad Chórais Bainistíochta Airgeadais chomhtháite na hOifige a chuaigh beo i mí Iúil 2004. Tá cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

Lean feidhmiú mholtaí Straitéis Bainistíochta Eolais na hOifige 2003-2005 le linn 2004 agus tá cuntas air sin i gCaibidil 8 den Tuarascáil.

## Atheagrú laistigh den Oifig

### Seirbhísí Dlí

Lean an Oifig ag atheagrú agus ag forbairt breis speisialtachtaí le linn 2004 chun freastal ar riachtanais athraitheacha Rann Rialtais agus cliant agus í ag iarraidh speisialtachtaí ní ba mhó a bhaint amach i réimsí lámacha.

### An Coiste Iniúcháireachta

Lean an Coiste Iniúcháireachta ag cuidiú le forbairt a dhéanamh ar ról agus ar chlár oibre an iniúcháora inmheánaigh le linn na bliana. Bhuail an Coiste le chéile trí uaire le linn 2004. I measc na gceisteanna ar pléadh leo ag na cruinnithe sin a bhí breithniú agus athbhreithniú ar seacht gcinn de Thuarascálacha Iniúchta Inmheánacha:

- An Coimisiún Athchóirithe Dlí
- Iniúchadh Ina Dhiaidh Sin ar Ordú agus Eisiúint Seiceanna in Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO
- Cruinneas maidir le Nuashonrú Mórleabhar a bhailíochtú idir Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO agus an Roinn Airgeadais
- Ceistneoir Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh - Oifig Shráid Mhuirfean
- Ceistneoir Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh - CSSO
- Nósanna Imeachta an Chórais Bhainistíochta Airgeadais
- Mionairgead san Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO

I measc forbairtí agus saincheisteanna eile ar phléigh an Coiste Iniúchta leo i 2004 a bhí Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Rúnaithe Ginearálta agus Oifigigh Chuntasáiochta (Tuarascáil Mullarkey). Bhreithnigh sé



Plean Feidhmiúcháin gach Oifig ag teacht ón Tuarascáil agus nósanna imeachta Mheasúnú Priacail na hOifige. Lean an Coiste freisin le gach tionscadal IT a choinneáil faoi athbhreithniú le linn na bliana agus fuair sé léiriúcháin i mí na Nollag, 2004, ó Bhainisteoirí Tionscadail don Chóras Bainistíochta Taifead agus Cásanna nua, don Chóras Bainistíochta Airgeadais agus don Chóras ríomh-Reachtaíochta agus ó Bhainisteoirí Tecineolaíocht na Faisnéise.

### Buanú an Dul Chun Cinn (Sustaining Progress)

Tá an Oifig lántiomanta ó thaobh forálacha chomhaontú na comhpháirtíochta sóisialta, *Buanú an Dul Chun Cinn*, a chur i bhfeidhm. In Aibreán agus i Meán Fómhair, 2004 chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit an Dara agus an Tríú Tuarascáil Dhul Chun Cinn ar leithligh isteach ar fheidhmiú Phlean Gnímh gach Oifig. I nDeireadh Fómhair 2004 cuireadh isteach Pleananna Gnímh Athbhreithnithe na nOifigí chun na comhthiomantais don státseirbhís a bhaint amach, arna n-éileamh ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG). Ar bhunús na dTuarascálacha Dhul Chun Cinn sin agus na Pleananna Gnímh Athbhreithnithe, chinn an CSPVG go raibh foireann as an dá Oifig agus as an gCoimisiún Athchóirithe Dlí incháilithe chun an pá Tagarmharcála a íoc leo chomh maith le harduithe eile a bhí dlíte le linn an bliana. Foilsíodh na Tuarascálacha Dhul Chun Cinn agus na Pleananna Gnímh Athbhreithnithe ar láithreán gréasáin na hOifige.

### Rialúchán Níos Fearr

Ag teacht le tiomantas an Rialtais chun Ráiteas Beartais Náisiúnta a fhoilsiú ar Rialúchán Níos Fearr, bhí tionchar mór fós ag na moltaí chun inrochtaineacht agus comhtháiteacht ar Dhlí Reachta na hÉireann a fheabhsú ar obair na hOifige i 2004. Bhí Stiúrthóir Aonad Athbhreithnithe an Dlí Reachtuil (SLRU) páirteach i gclár oibre an Ghrúpa Ardleibhéil chun cuidiú le Páipéar Bán ar Rialúchán Níos Fearr a ullmhú, a foilsíodh i mí Eanáir 2004. Leagann an Páipéar béim mhór ar Rochtain chuig Reachtaíocht, ar Athráiteas agus ar Athbhreithniú an Dlí Reachtuil.

### Tionscnaimh Oibre Trasfheidhmeacha

Lean foirme trasfheidhmeacha as Oifig Shráid Mhuirfean agus as Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag feidhmiú Tionscadal Chóras Bainistíochta Taifead agus Cásanna, Tionscadail an Chórais Bainistíochta Airgeadais, Tionscadal Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna, agus Tionscadal Straitéiseach Bainistíochta Eolais agus tionscadail eile le linn 2004. Lean an fhoireann as Oifig Shráid Mhuirfean ag obair le Tithe an Oireachtais ar an tionscadal ríomh-Reachtaíochta agus le foireann as Roinn an Taoisigh san athbhreithniú ar Lámhleabhar na Dála.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an fhoireann le chéile ar shaincheisteanna mar fheidhmiú íocaíocht phróiseas Táillí Abhcóidí, chun Athbhreithnithe Caiteachais a ullmhú agus Tuarascáil Mullarkey agus Tuarascáil Nally a fheidhmiú maidir le hAtheagrú Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

### Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Shráid Mhuirfean

Aithníonn an Oifig gur gá moltaí a fhorfheidhmiú chun solúbthacht eagrúcháin a mhéadú. Tá soghluaisteach mhór foirme idir Grúpaí na nDréachtóirí Parlaiminte agus freisin idir Grúpaí Abhcóide Comhairligh agus idir Aonaid Ghnó Riaracháin, chun freagairt d'éilimh oibre práinneacha.

Bhí siad seo a leanas i measc samplaí sainiúla solúbthachta a léirigh Oifig Shráid Mhuirfean le linn 2004:

- Sannadh leanúnach de bhainisteoirí tionscadail lánaimseartha i gcás an Chórais Bhainistíochta Taifead agus Cásanna, an chórais ríomh-Reachtaíochta agus tionscadail an Chórais Bhainistíochta Airgeadais;
- Bhí foireann dhlithiúil agus riaracháin ar fáil go leanúnach do Thionscadail TF éagsúla;
- Sannadh, gan athsholáthar, an dara hAbhcóide Comhairleach do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil ó dheireadh na Samhna 2003, ar feadh thréimhse seacht mí, mar fhreagra don éileamh méadaithe i gcomhthéacs Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa bhliain 2004;
- Malartú fhoireann Chlárlann na hOifige le pearsanra ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun taithe a thabhairt dóibh ar chórais chomhdaithe a chéile roimh thabhairt isteach an nua-Chórais Bhainistíochta Cásanna agus Taifead;
- Oiliúint leanúnach pearsanra an Aonaid Airgeadais i bhfeidhmeanna cuntasaiochta a mbí á ndéanamh cheana thar ceann na hOifige ag Brainse na gCuntas sa Roinn Airgeadais;
- Oifigeach Feidhmiúcháin tugtha ar iasacht, gan athsholáthar, mar thobhach Rialtais don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Tharla an tsolúbthacht sin ag tráth nuair a tháinig méadú mór ón mbliain roimhe sin ar ualach oibre na hOifige. Bhí ar an bhfoireann a bhí fágtha tabhairt faoin obair a rabhtas á déanamh roimhe sin ag foireann athlonnaithe.



Lean foireann Clárlainne, dlíthiúil, dréachtaithe agus riaracháin ag comhoibriú le chéile sa bhliain 2004 freisin chun doiciméid a bhí dlite le haistriú chuig Oifig na gCartlann Náisiúnta le heisiúint i mí Eanáir 2005 a shainaitheint.

#### **Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**

Tá solúbthacht eagrúcháin mar thosaíocht ag an Oifig, agus atheagraítear baill fhoirne, dualgais agus rannóga go rialta mar fhreagra ar éilimh athraitheachta na gcliant. D'aithin an Oifig réimsí le linn 2004 inar theastaigh seirbhísí ní ba speisialtaíthe ó chliaint, agus d'aílínigh sí earcaíocht, oiliúint agus struchtúir eagraíochta dá réir.

Bhí an Oifig solúbtha i gcónaí ag dáileadh acmhainní foirne ar Bhinsí Fiosrúcháin. Lean seisear aturnaetha ag obair ag na Binsí Fiosrúcháin atá ar bun ag an am céanna. Lena chois sin, lean an Oifig ag soláthar beirt Aturnaetha nuair a theastaigh siad chun ionadaíocht a dhéanamh ar Leas an Phobail ag Binsí Fiosrúcháin.

Lean an Oifig ag soláthar beirt Aturnaetha chun déileáil leis an eadráin idirnáisiúnta leanúnach in aghaidh na Ríochta Aontaithe a d'eascair as feidhmiú ghléasra MOX ag Sellafield, agus rinne sí forbairt ar a hinniúlacht sa réimse Dlí Núicléach dá réir.

Bhí siad seo a leanas i measc na samplaí ba shainiúla den tsolúbthacht a léirigh an Oifig i rith 2004:

- Lean painéal aturnaetha a bunaíodh le haghaidh fostaíocht ghearrthéarmach le dul in áit foireann bhunaithe a bhí ar shos gairme agus ar shaoire shínte.
- Lean foinsiú allamuigh gach dualgas 'cléireachais' lasmuigh chuig comhlacht príobháideach agus bhí an Oifig sásta leis sin.
- D'fhostaigh an Oifig comhlachtaí aturnaetha seachtracha, le saineolas ar leith, chun feidhmiú thar ceann an Stáit i bhforbairtí tráchtála ardphróifíle um acmhainní nádúrtha.
- Lean an Oifig ag bainistiú painéil d'aturnaetha seachtracha d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) chun sainseirbhís dlí a chur ar fáil don OPW ag costais iomaíocha. Tá seo uile sa bhreis ar an obair a dhéanann an Oifig go díreach don OPW féin.

#### **Coistí Comhpháirtíochta**

Lean na Coistí Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit lena ról lárnach ó thaobh forbairt leanúnach an chultúir

athraithe sna hOifigí. Chas na Coistí le chéile ar bhonn míosúil ar feadh na bliana agus ba é an fócas a bhí ag an dá Choiste, a bhfuil ionadaíocht uile-Oifige acu, ná déileáil le príomh-saincheisteanna a bhain leis an Oifig agus le ceisteanna a bhain le feidhmiú an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéisigh mar athbhreithnithe ar Bheartas Taistil na hOifige, Beartas nua Aisíoc Táillí, Beartas Oilíúna Teanga, Beartas Incrimintí agus Straitéis Acmhainní Daonna d'Oifig Shráid Mhuirfean.

#### **Iarratais um Shaoráil Faisnéise**

Tá staitisticí ar iarratais chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoin Acht um Shaoráil Faisnéise leagtha amach in Iarscríbhinn F. Lean an Oifig ag tabhairt comhairle don Aonad Beartais Lárnach sa Roinn Airgeadais ar shaincheisteanna dlíthiúla a bhain le forfheidhmiú agus le feidhmiú na nAchtanna.





## **Caibidil 4**

Caibidil 4: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 1 á bhaint amach

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 1 á bhaint amach

### Eochairchuspóir 1

#### Soláthar de shainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse dlí a mbaineann fiorthábhacht leo ó thaobh Rialtais, Rann agus Oifige de

De bharr raon, toirt agus castacht mhéadaithe na hoibre a fhaightear san Oifig, ó fhormhéadaigh an Rialtas a chlár reachtaíochta go mór, agus ó tá an dlí agus dlíthíocht á dtaobhú ar bhonn i bhfad níos leithne; tá an Oifig, mar fhreagra, tar éis tuilleadh speisialtóireachta a thionscnamh ag Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, agus ag an bhfoireann fheidhmeannach aturnaetha agus dlíthiúil. D'fhéadfadh an Oifig bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an tslí ina bhfreagraíonn sí do na héilimh mhéadaithe seo, trí iarracht a dhéanamh a speisialtóireacht a ailíniú go dlúth le riachtanais na Rann cliant.

I measc na straitéisí atá ann leis an gcuspóir seo a aimsiú atá:

- Trí mheán na suirbhéanna cliant agus aiseolas ó chliant agus ár n-anailís féin, réimsí dlí a aithint a mbeidh comhairle dlí ag teastáil ina dtaobh, .i. riachtanais chliant a réamh-mheas, agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun an chomhairle sin a sholáthar. Lena aithint go sonrath:
  - réimsí reatha i mbéal formhéadaithe;
  - réimsí nua;
  - réimsí meathlaitheacha;
  - agus, nuair is gá, prótacail a cheapadh do na bealaí foirmlithe agus seachadta comhairle.
- A chinntiú go bhfuil an cumas agus an tsolúbthacht ag an Oifig i gcoitinne chun sainchomhairle agus seirbhísí dlí a sholáthar de réir mar is gá.
- Nochtadh an Stáit do dhámhachtainí/socraíochtaí ina aghaidh i gcásanna díobhála pearsanta a íoslaghdú. Níl ach líon beag catagóirí éilimh i leith díobhála pearsanta faoi rialú na hOifige. Bainistiú an Oifig grúpaí éileamh le comhthréithe ar bhealach straitéiseach. I gcás na n-éileamh a tharmlichtear chuig Gníomhaireacht Éileamh an Stáit; mar a gcoinníonn an tArd-Aighne cumhacht threoraithe ina leith, oibríonn an Oifig go dlúth, agus i gcomhar leis an nGníomhaireacht chun toradh optamach a bhaint amach don Stát.
- Comhairle chuí dlí a sholáthar maidir le meicníochtaí fiosraithe faoi ábhair a bhfuil spéis phráinneach nó shuntasach ag an bpobal iontu. Thabharfadh comhairle dlí dá sórt aird ar mhian an Rialtais meicníochtaí fiosraithe a ghlacadh a chinntiú luach airgid don cháin-íocóir.

### Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

#### An Taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean

Lean an taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean le linn 2004 ag díriú ar fhorbairt bhreise agus athshoiléiriú a dhéanamh ar speisialtóireacht mar rud lárnach chun eochairchuspóirí agus straitéisí na hOifige a bhaint amach. I ndiaidh anailíse agus athbhreithnithe iomláin a dhéanamh ar ualach oibre agus ar chomhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha ar fad i 2003, d'aithin an Oifig réimsí nua dlí a bhí ag teacht chun cinn, réimsí dlí atá ag leathnú, agus an gá riachtanais chliant agus an t-aiseolas a fhaightear ó chliant i ngach réimse dlí a réamh-mheas.

Lean an Oifig uirthi ag soláthar dianoiliúna maidir le dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (ECHR) tar éis achtú an Achte um an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ar 1 Eanáir 2004, thar an Oifig ar fad, sa Choimisiún Athchóirithe Dlí agus i Ranna Rialtais.

Lean gach ceann de na Grúpaí Comhairleacha ag bualadh le Ranna cliant, agus bhí cruinnithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla rialta ar siúl ar feadh na bliana. Thug na cruinnithe sin deis chun aiseolas a fháil ó chliant ar saincheisteanna seachadta seirbhíse agus chun aird a tharraingt ar saincheisteanna straitéiseacha nua.

Bhuaíl go leor grúpaí neamhfoirmiúla tábhachtacha le chéile go rialta laistigh den Oifig le linn 2004 chun ualach oibre agus saincheisteanna a bhain le cásanna ar leith a phlé. An Cruinniú Saincheisteanna Dlí míosúil (mar a n-ardaítear saincheisteanna de bhuaireamh ginearálta), grúpa dlíodóirí lucht iarrtha tearmainn, na cruinnithe grúpa rialta a bhí ag na grúpaí comhairle dlí difriúla, cruinniú seachtainiúil na "nAbhcóidí Comhairleacha 1" ina dtugann Bainisteoirí Grúpa mionteagasc don Ardstiúrthóir agus dá chéile maidir le hobair dlí reatha. Tugann na cruinnithe seo deis thábhachtach chun tuairimí, taithí agus eolas dlí a mhalartú ar fud grúpaí speisialtóirí difriúla.

#### Attaché Dlí don AE

Uachtaránacht ar an Aontas Eorpach: Tugadh aitheantas don Uiríoll Buan, agus go deimhin do Státseirbhís na hÉireann ar fad, mar gheall ar rathúlacht Uachtaránacht na hÉireann.

Bhí deis ag Leabharlann Oifig Shráid Mhuirfean agus ag an gComhairleoir Dlí sa bhliain 2004 athbhreithniú agus feabhas a chur le hinfhaighteacht an fhios dlí de chuid na CE agus an AE a forbraíodh san Uiríoll Buan ó 1998 i leith, don Abhcóide Comhairleach i mBaile Átha Cliath, trí bhunachar sonraí fhios dlí Bhaile Átha Cliath.



## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 1 á bhaint amach

### Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Meastar an fócas ar ardspeisialtóireacht in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) mar rud ri-bhunúsach chun eochairchuspóirí agus straitéisí na hOifige a bhaint amach. Lean an Oifig uirthi ag bainistiú sheachadadh dréacht-seirbhíse éifeachtúla agus sofheagraí laistigh den OPC i dtrí cinn de Shainghrúpaí. Sannadh cúig Roinn Rialtais mar chliant ar gach Grúpa. chun leibhéal ard saineolais agus speisialtóireachta a chinntiú, dírithe ar riachtanais sainiúla na Ranna sin. Lean gach Grúpa ag glacadh cur chuige comhardhírthe le linn na bliana ó thaobh seirbhíse dréachtaithe reachtaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar.

Tionóladh cruinnithe neamhfhoirmiúla le linn na bliana le Ranna cliant chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse, agus chun sainaithe a chur ar aon réimsí ina bhfeadfaí an tseirbhís a fheabhsú. Ina theannta sin, bhí cruinnithe faoi chomhaid dlí ar leith idir an dlíodóir a sannadh dóibh agus an Roinn cliant ábhartha. Thug cruinnithe dá sórt deis don dréachtóir gach gné de chomhad agus de bheartas an Rialtais agus na hOifige a phlé le hoifigeach na Roinne. Cuirtear aiseolas a fhaightear ó na cruinnithe sin isteach go córasach sa phleanáil fhoriomlán ar conas a fheidhmíonn an OPC a chleachtas dréachtaithe.

Lean an OPC leis an mbeartas dréachtóirí comhairleacha a fhostú ar chonradh. Lean an socrú fadseasmhach sin ag cur ar chumas na hOifige seirbhíse shofheagartha agus leanúnach a chur ar fáil le linn tréimhse ina raibh éilimh thar cuimse ar an OPC.

Spreag an OPC dréachtóirí a earcaíodh le déanaí cúrsaí oiliúna ábhartha a shainaitheint, agus a bheith rannpháirteach iontu; agus lean an Oifig ag glacadh páirte i gcúrsaí oiliúna a chuir an tIonad um Bainistiú agus Forbairt Eagrúcháin (IBFE) ar fáil ar an bpróiseas reachtúil. Cabhraíonn na cúrsaí seo le Ranna cleachtadh a fháil ar an bpróiseas reachtúil agus chun léiriú a thabhairt do Ranna cliant ar an leibhéal teagaisc is gá chun seirbhíse éifeachtach dréachtaithe a éascú.

### An tAonad Leasaithe um Dhlí Reachtúil (Statute Law Revision Unit)

Lean an tAonad ag soláthar seirbhíse dlí dhiscrídreach speisialtachta le linn 2004 de réir shainordú an Aonaid clár athchóirithe agus comhdhlúthaithe dlí reachta a dhréachtú, maoirsiú na n-innéacsanna a bhainistiú do na reachtanna agus beartas a bhunú agus a fheidhmiú ar chomhtháiteacht agus inrochtaineacht dlí reachta in Éirinn a fheabhsú.

Mar thoradh ar an gcéad chéim sa tionscadal chun gach reachtaíocht a achtaíodh in Éirinn roimh 1922 agus a bhfuil feidhm léi fós sa Stát a shainaitheint, agus féachaint le reachtaíocht chaite agus as feidhm

a aisghairm; foilsíodh an Bille um Athchóiriú an Dlí Reachta (Réamh-1922) 2004. D'aithin an Bille 91 Achtanna a bhí oiriúnach i gcomhair aisghairme. Ó foilsíodh an Bille, lean an obair ar an bpróiseas chun foinsí de reachtaíocht réamh-1922 níos mionsonraithe a imscrúdú. Táthar ag súil anois go ndéanfaidh an Bille, nuair a achtófar é, aisghairm ar bhreis is 200 Acht.

Lean an tAonad ag tabhairt comhairle don Ard-Aighne maidir leis an aisghairm agus ath-achtú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an reachtaíocht ar fad réamh-1992 a bhí fanta.

Faoin Acht um An Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002, dhaingnigh an tArd-Aighne trí Athráiteas, cuireadh faoi bhráid na dTithe iad agus cuireadh ar láithreán gréasáin na hOifige iad:

- Achtanna Cosanta 1954 go dtí 1998 agus An tAcht um Achomhairc Armchúirteanna 1983 Athráiteas,
- Achtanna um Thrácht Cuartaíochta 1939 go dtí 2003 Athráiteas,
- An tAcht Comharbais 1965 Athráiteas.

Rinneadh nuashonrú ar láithreán gréasáin na hOifige chun na hAchtanna, Ionstraimí Reachtúla agus Táblaí Croineolaíochta ar fad a bhain le 2003 a chur isteach. Cuireadh tús freisin le linn na bliana ar ullmhú na n-ábhar do 2004.

### Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO)

Lean Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag forbairt seirbhíse dlí speisialtachta le linn 2004 i réimsí a bhí tábhachtach do Ranna cliant agus d'Oifigí. Dhírigh an Oifig ar réimsí reatha oibre atá ag leathnú agus ar réimsí nua oibre a sainaitheint. Ar chuid de na mórthionscnaimh tá:

- Soláthar seirbhíse tíolactha do Chlár Diláraithe an Rialtais.
- Imlonnú Aturnaetha chun déileáil le hiarratais ar Bharántais Ghabhála agus soláthraíodh seirbhíse lasmuigh d'uaireanta oifige do chásanna den sórt sin agus do chásanna Eiseachadta.
- Bunaíodh Aonad saintiomanta chun obair a bhí os comhair an Choimisiúin um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí a láimhseáil.
- Bhí foireann ann chun déileáil le cásanna leasa riachtanais speisialta.

Maidir leis na réimsí oibre a bhfuil meath ag teacht orthu, lean an Oifig ag cur deiridh lena Rannóg ar Chaillteanas Éisteachta san Arm agus fuarthas réidh le thart ar 500 cás le linn na bliana agus cuireadh an fhoireann ag obair ar réimsí eile oibre.





## **Caibidil 5**

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus  
Eochairchuspóir 2 á bhaint amach

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 2 á bhaint amach

### Eochairchuspóir 2

#### Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin

Is iad na straitéisí a aimseoidh an cuspóir seo ná:

- Bainistiú Acmhainní Daonna a fhorbairt ar shlí a bheidh oiriúnach d'eagraíocht seirbhíse gairmiúla, tar éis:
  - comhairle a ghlacadh faoi riachtanais seirbhíse den sórt sin;
  - aird a thabhairt ar Eochairchuspóirí na hOifige.
- Leanúint d'fhorfheidhmiú PMDS san Oifig chun forbairt straitéiseach na hOifige a léiriú ar an mbonnach mbaintear spriocanna straitéiseacha amach ach trí fheidhmíocht na foirne. Tá fócas breise le cur ar shainthint agus ar fhorbairt na gcroí-inniúlachtaí/croiscileanna ábhartha.
- A chinntiú go ndéanfar measúnú ar na bearta airgeadais a forbraíodh chun críocha Chreatlach Bhainistíocht na Faisnéise (MIF).
- Oiliúint a sholáthar do gach leibhéal bainistíochta san Oifig.
- Leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar na deiseanna oiliúna agus forbartha atá ar fáil don fhoireann sa dá Oifig, le go bhfaighidh siad na scileanna agus an t-eolas is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán is airde agus chun cur lena bhforbairt ghairmiúil.
- Ag teacht le SMI, oiliúint agus forbairt bainistíochta a sholáthar lena gcuirfear ar chumas bainisteoirí an bhainistíocht feidhmíochta a neadú mar thosaíocht do gach bainisteoir agus é sin a nascadh le riachtanais an Rialtais.
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta, i bhfianaise Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na Rúnaithe Ginearálta agus na nOifigeach Cuntasaíochta.
- Tosaíochtaí agus próisis bhainistíochta priacail a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Iniúchta.

### Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

#### Oifig Shráid Mhuirfean

##### Forléargas ar Acmhainní Daonna

- Cuireadh Dréacht-Straitéis Acmhainní Daonna na

hOifige faoi bhráid MAC agus faoi bhráid an Choiste Chomhpháirtíochta ansin, a bhunaigh foghrúpa chun í a mheas go mion. Bhuail an foghrúpa le chéile i rith na bliana agus glacadh leis an gcáipéis ag an gCoiste Chomhpháirtíochta i mí na Samhna 2004.

- Rinne an Oifig agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit dul chun cinn suntasach i rith na bliana maidir le comhcháipéis um Iarratas ar Thairiscintí a dhréachtú do Chóras Bainistíochta nua na nAcmhainní Daonna. Caitheadh obair bhreise ar an gcáipéis sin a chur siar ar feitheamh mheasúnú an CMOD ar thairiscintí le haghaidh tríú páirtí chun réiteach Córas Bainistíochta na nAcmhainní Daonna (HRMS) a chur i bhfeidhm
- Rinneadh códú ar Nósanna Imeachta Promhaidh na hOifige, agus cuireadh faoi bhráid MAC agus faoi bhráid an Choiste Chomhpháirtíochta iad ag druidim le deireadh na bliana.
- Tugadh faoi obair shuntasach a tháinig chun cinn mar gheall ar fheidhmiú beart a bhain leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, Creidiúint Incriminteach agus an ríomh-obair chomh maith le húlmlhúcháin do thionscadal Dílárúcháin an Rialtais, tionscadal a bhféadfaí athlonnú líon suntasach na mball foirne riaracháin a bheith mar thoradh air.

#### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Bhí an PMDS neadaithe fós laistigh den Oifig i rith 2004. Chuir an Oifig tús le Plean Gnímh a chur i bhfeidhm mar chuid d'fhorbairt leanúnach an PMDS mar thoradh ar shuirbhé aeráide bhail fhoirne a rinneadh i rith mhí na Nollag 2003 agus mhí Eanáir 2004. Aontaíodh go mbeadh Foirmeacha Róil/Próifíle ann do gach ball foirne i leith thríú timthriall bliantúil an PMDS a thosaigh i mí Eanáir 2003, le hathbheithnithe eatramhacha agus deiridh á ndéanamh mar a socraíodh. Rinneadh ullmhúcháin chomh maith d'aiseolas aníos a thabhairt isteach, a ndearnadh rolladh amach air i mí Eanáir 2005. Tar éis comhaontú a fháil tríd an gCoiste Chomhpháirtíochta, cuireadh mír a phléigh le ganndéanamh leis an PMDS do thimthriall 2004.





## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 2 á bhaint amach

### Ionadaíocht Inscne

Tá Oifig Shráid Mhuirfean chun tosaigh i gcónaí ar spriocanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne. B'amhlaidh na figiúirí seo a leanas ag deireadh mhí na Nollag 2004:

Grád	Baineann		Fireann	
	Líon	(%)	Líon	(%)
Ard-Stiúrthóir	1	(100)	0	(0)
Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte	1	(100)	0	(0)
Leas-Ardstiúrthóir	0	(0)	1	(100)
Leibhéal Rúnaí Cúnta	2	(29)	5	(71)
Leibhéal Príomh-Oifigigh	10	(45)	12	(55)
Leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta	12	(55)	10	(45)
Leibhéal Ard-Oifigigh Fheidmiúcháin	4	(50)	4	(50)
Leibhéal Oifigigh Fheidmiúcháin	7	(70)	3	(30)
Leibhéal Oifigigh Fhoirne	2	(67)	1	(33)
Leibhéal Oifigigh Chléireach	33	(89)	4	(11)

### Insrochtaineacht do Dhaoine le Míchumais

B'ionann céatadán na mball foirne le míchumais ag deireadh 2004 agus 2.4 faoin gcéad, céatadán a bhí 0.6 faoi sprioc an Rialtais. Chuir an Oifig Coimisiún na Státseirbhíse ar an eolas go rialta i rith na bliana maidir le fáil ar shaoirí oiriúnacha san Oifig agus maidir lena toilteanas daoine le míchumais a fhostú. Lean an Oifig ar aghaidh ag cur feabhais ar a hinrochtaineacht agus choimisiúnaigh sí iniúchadh inrochtaineachta ar a háitreabh. Tá na hathruithe a moladh sa tuarascáil a cuireadh le chéile mar thoradh ar an iniúchadh sin á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Tá an-chuid de na hoibreacha riachtanacha tugtha chun críche.

### Oiliúint agus Forbairt

Aithníonn Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, mar eagraíochtaí 'eolasbhunaithe' a sholáthraíonn seirbhísí dlí do Ranna agus Oifigí cliant, an tábhacht a bhaineann leis an bhfeidhm oiliúna agus forbartha. Bhí soláthar de dheiseanna leordhóthanacha oiliúna agus forbartha cuí do bhaill foirne mar chroiluach i gcónaí, agus baineann tábhacht breise fós leis de bharr méadaithe ar an speisialtóireacht dlí.

Mar thoradh ar riachtanais oiliúna a aithníodh agus a comhaontaíodh faoin PMDS go príomha, d'eagraigh

an tAonad Oiliúna agus Forbartha beagnach fiche cúrsa éagsúla chomh maith le freastal a eagrú ag roinnt mhaith seimineár a phléigh le hábhair thábhachtacha dlíthiúla.

Ar na cúrsaí oiliúna a seachadadh do bhaill foirne a n-áiríodh MS Word, Cumarsáid, PMDS agus sainoiliúint i ndáil le córas nua Oifige agus oiliúint i saincheisteanna dlíthiúla. Chaith an Oifig €311,616 ar an iomlán ar oiliúint i rith 2004. Costas oiliúna a bhaineann le PMDS €115,954. Tá liosta iomlán na gcúrsaí ar freastalaíodh orthu agus mionsonraí ar chaiteachas oiliúna le fáil in Iarscribhinn G den Tuarascáil seo.

### Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

#### Bainistíocht Acmhainní Daonna

Tugadh faoi obair shuntasach i rith 2004 in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, obair a tháinig chun cinn mar thoradh ar fheidhmiú beart a bhain leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, Creidmheasanna Incriminteacha chomh maith le hullmhúcháin do thionscadal Dílárúcháin an Rialtais.

#### Promhadh

Dréachtaíodh nósanna imeachta promhaidh i rith na bliana agus cuireadh faoi bhráid MAC agus an Choiste Chomhpháirtíochta iad. Neadaítear tuairisciú promhaidh san Oifig.

#### Suirbhé ar Dhearcadh Foirne

Tugadh faoi shuirbhé ar Dhearcadh/Aeráid Foirne i mí Eanáir 2004 ina bhfuarthas ráta freagartha 76% ó bhaill foirne. Bunaíodh cúig fho-ghrúpa d'fhonn saincheisteanna a tháinig chun cinn sa suirbhé a scrúdú. Cuireadh tuarascáil le chéile a rinne cur síos go mion ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn, agus a mhol gníomhartha breise le déanamh. Eagraíodh seisiún fhaisnéisithe do bhaill foirne. Cuireadh plean gnímh le chéile agus leagadh amach scála ama dá fhorfheidhmiú.

#### Insrochtaineacht do Dhaoine le Míchumais

B'ionann an céatadán de bhaill foirne le míchumais ag deireadh 2004 agus 2.6 faoin gcéad, céatadán a bhí 0.4 faoi sprioc an Rialtais. Chuir an Oifig in iúl do Choimisiún na Státseirbhíse i rith na bliana go raibh saoirí oiriúnacha ar fáil san Oifig agus go rabhthas toilteanach daoine le míchumais a fhostú.

#### Oiliúint

D'eagraigh an tAonad Oiliúna agus Forbartha an-chuid oiliúna i rith 2004 a aithníodh agus a comhaontaíodh faoin PMDS. Áiríodh leis sin cúrsaí agus seimineár sna réimsí a bhaineann le heolas dlí, teicneolaíocht faisnéise, bainistíocht agus riarachán.



## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 2 á bhaint amach

Ar dhá cheann de na príomhréimsí oiliúna a seachadadh i 2004 a áiríodh sainoiliúint i gcóras nua Oifige agus tús a chur le céim bhreise de rolladh amach an PMDS. Tugadh oiliúint i saincheisteanna dlíthiúla.

Cuireadh Beartas Aisíochta Táillí le chéile agus comhaontaíodh air leis an gComhpháirtíocht. Ba é €225,000 an caiteachas iomlán ar Oiliúint agus Forbairt in 2004. Tarmligeadh buiséid oiliúna chuig Ceannairí na Rannán. Tá mionsonraí na hoiliúna a soláthraíodh i rith na bliana ar fáil in Iarscribhinn G na Tuarascála seo.

### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Bhí forbairt á déanamh fós ar an PMDS i rith 2004 agus é neadaithe i gcónaí laistigh den Oifig. Dréachtaíodh Cód Cleachtas um aiseolas aníos agus comhaontaíodh air ina dhiaidh sin sa Chomhpháirtíocht.

Comhaontaíodh ar Chroí-Inniúlachtaí Athbhreithnithe do 2005, agus tugadh isteach aiseolas aníos mar chuid den phróiseas athbhreithnithe bliantúil 2004. Cuireadh oiliúint 'Díreach in Am' ar fáil do bhaill fhoirne maidir le haiseolas aníos

### Uaireanta Oibre Inathraithe

Dréachtaíodh Scéim Fhíolótach um Uaireanta Oibre Inathraithe do Ghráid Teicniúla agus cuireadh i bhfeidhm í. D'éirigh leis an scéim, agus déanfar í a shíneadh in 2005.

### Ionad Oibre Saor ó Thoit

Comhaontaíodh ar bheartas um Ionad Oibre Saor ó Thoit i rith na bliana agus cuireadh i bhfeidhm é.

### Úsáid Gutháin Phóca

Tugadh isteach beartas in 2004 um úsáid gutháin phóca arna sholáthar ag an Oifig tar éis comhaontú a shocrú sa Chomhpháirtíocht.

### Cóiríocht

Comhaontaíodh, i ndiaidh comhráite le hOifig na nOibreacha Poiblí, go n-athlonnódh roinnt ball foirne go Teach Findlater ón gcóiríocht ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair ar Sráid Fhreidric Theas. Aontaíodh sonraíochtaí don chóiríocht le hOifig na nOibreacha Poiblí.

### Earcaíocht

Reachtáladh na comórtas éarcaíochta/ardaithe céime inmhéanacha agus seachtracha seo a leanas i rith na bliana:

- Aturnae Stáit
- Oifigeach Bainistíochta Taifead (i gcomhar le hOifig Shráid Mhuirfean).

Chomh maith leis sin, d'earcaigh an Oifig baill fhoirne ó chomórtas a reachtáil Seirbhís na gCeapachán Poiblí.

### Ionadaíocht Inscne

Tá Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun tosaigh i gcónaí ar spriocanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne. B'amhlaidh na figiúirí seo a leanas ag deireadh mhí na Nollag 2004:

Grád	Baineann		Fireann	
	Líon	(%)	Líon	(%)
Príomh-Aturnae an Stáit			1	(100)
Príomhoifigeach Cúnta an Stáit	1	(20)	4	(80)
Leas-Príomhoifigeach an Stáit	6	(46)	7	(54)
Príomh-Aturnae	7	(54)	6	(46)
Ard-Aturnae Stáit	5	(62.5)	3	(37.5)
Aturnae Stáit	36	(58)	26	(42)
Príomhfheidhmeannach Dlí			1	(100)
Leas-Príomhfheidhmeannach Dlí			2	(100)
Príomhoifigeach Cúnta	2	(40)	3	(60)
Ardfheidhmeannach Dlí	10	(67)	5	(33)
Feidhmeannach Dlí	5	(62.5)	3	(37.5)
Cléireach Dlí	1	(100)		
Príomhoifigeach			1	(100)
Príomhoifigeach Cúnta			2	(100)
Ard-Oifigeach				
Feidhmiúcháin	2	(33)	4	(67)
Oifigeach Feidhmiúcháin	8	(80)	2	(20)
Oifigeach Foirne	12	(80)	3	(20)
Oifigeach Cléireach	46	(85)	8	(15)
Cuntasóir			1	(100)
Leabharlannaí Dlí	1	(100)		
Leabharlannaí Cúnta	1	(100)		
Oifigeach Seirbhísí			5	(100)
Glantóir	2	(100)		





## **Caibidil 6**

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus  
Eochairchuspóir 3 a bhaint amach

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 3 a bhaint amach

### Eochairchuspóir 3

**A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla ar mhodh a shásaíonn na prionsabail a bhaineann le Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus a ghlacann an clár um athrú sa tseirbhís poiblí san áireamh**

Is é an prionsabal lárnach a mhúnlaigh an Ráiteas Straitéise seo é an gealltanais chun seirbhísí dlíthiúla den chaighdeán is airde a sholáthar do chliant na hOifige. Luaitear go mionsonrach i *dTreoir Seirbhísí Cliant 2002-2004* na hOifige an creat atá ann chun prionsabail na seirbhíse d'ardchaighdeán don chustaiméir a fhorfheidhmiú agus chun tuilleadh feabhsuithe a chothabháil agus a dhéanamh le linn shaol na Treorach. Aithníonn an Oifig go bhfuil cloch chúinne na seirbhíse don chustaiméir bunaithe ar chomhairliúcháin lenár gcliainnt agus ar chóras cuimsitheach aiseolais a bheith ann chun ceisteanna straitéiseacha nua a aibhsiú, ceisteanna inní a réiteach agus cumarsáid dhéthroech a éascú.

Is iad na straitéisí a aimseoidh an cuspóir seo ná:

- Seachadadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa *Treoir Seirbhísí Cliant (Client Service Guide) 2002-2004*
- Méad agus a bhainfeadh amach na cuspóirí a leagtar amach sa *Treoir Seirbhísí Cliant 2002-2004* i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige a thuairisciú..
- Cuíchaighdeáin seirbhíse cliant a fhorbairt i ndáil le
  - Cliainnt inmheánacha, agus
  - sheachtracha.

### Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Rinne Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur nae an Stáit dul chun cinn suntasach le linn 2004 sa réimse a bhaineann le seirbhís d'ardchaighdeán do chustaiméirí. Rinneadh dul chun cinn breise ar an athbhreithniú ar Ghrúpaí sa taobh Comhairleach in Oifig Shráid Mhuirfean, a tionscnaíodh i nDeireadh Fómhair 2003, le linn na bliana a chuimsigh dáileadh agus eagrú na hoibre agus aird ar thosaíocht speisialtóireachta na hOifige, agus an dóigh ina dtugann Grúpaí faoina gcuid gnó le féachaint chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí dlíthiúla d'ardchaighdeáin chuig cliainnt. Cuireadh athruithe ar tarraingíodh aird orthu le linn an athbhreithnithe seo i bhfeidhm ar bhonn leanúnach ó Eanáir 2004.

Rinne grúpaí Abhcóide Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte naisc ní ba mhó le cliainnt-Ranna a dtiteann

a gcuid oibre laistigh dá réimse speisialtóireachta áirithe. Rinneadh forbairt bhreise ar na naisc sin le linn na bliana trí úsáid a bhaint as cruinnithe idirghalartaithe eolais agus as cruinnithe athbhreithnithe leis na Ranna sin, de réir ár gcuid pleananna gnó.

Lean na hAonaid IT i ngach aon Oifig ag feidhmiú Deasca Cabhrach Oifige inmheánacha ar éirigh leo le linn 2004 chun éascú do chur chuige comhordaithe maidir le saincheisteanna a láimhseáil. Lean Deasca Cabhrach san Aonad Seirbhíse agus Clárlainne in Oifig Shráid Mhuirfean ag feidhmiú orthu lena chinntiú gur déileáladh go tapa le fadhbanna agus le saincheisteanna, agus caighdeán seachadadh seirbhíse níos fearr ar fáil dá chliainnt laistigh den Oifig dá réir. Bunaíodh Deasca Cabhrach nua i mí Iúil 2004 sa dá Oifig i gcomhthéacs rolladh amach an Chórais Bhainistíochta Airgeadais nua, agus chuir sé sin go mór le bainistiú na saincheisteanna a tháinig chun cinn i gcás úsáideoirí deiridh an chórais.

Aithníonn Oifig Shráid Mhuirfean i gcónaí gur gá socrúithe solúbtha oibre a thabhairt isteach, atá dírithe go sonrach ar éilimh na gcliainnt. Lean an Oifig d'fheidhmiú na dtionscnamh seo a leanas le linn 2004:

- Bhí clóscríobhaithe ar fáil i gcónaí nuair a bhí gá leo agus bíonn duine ar fáil ar bhonn róta deonach i gcónaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Bhí eochairbhaill fhoirne áirithe le fáil ar fhón póca lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Thionscain an Oifig córas neamhfhoirmiúil ar glao-dhualgas chun déileáil le héilimh oibre ar leith a tharlaíonn lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Ag brath ar an ualach oibre agus an phráinn leis; bíonn obair dhéanach, obair ag deireadh seachtaine, teacht go moch agus glacadh le ham lóin i bhfad níos lú ná mar a cheadaítear, freisin, mar ghnéithe de na patrúin tinrimh sholúbtha a bhíonn i bhfeidhm san Oifig.

### Na Cairteanna Cliant agus Custaiméara

Rinne Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur nae an Stáit suirbhéanna cuimsitheacha ar chliainnt agus ar chustaiméirí le linn na bliana agus reáchtáladh comhairliúcháin chun féachaint lena gcéad Chairteanna Cliant agus Custaiméara a ullmhú i mí na Nollag, 2004. Léiríodh leibhéal ard sástachta maidir leis na seirbhísí a sholáthair an dá Oifig. Ghlac na Cairteanna a foilsíodh i Márta 2005 na pointí ba lú sástachta a tháinig chun cinn ón suirbhé san áireamh.



## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 3 a bhaint amach

### Seirbhís Custaiméara

Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana ar chomhairliúchán seachtarach le cliaint ar shaincheisteanna oibre agus athbhreithnithe rialta ar réimsí oibre. Mar thoradh ar shuirbhéanna PMDS a rinneadh ar an bhfoireann sa dá Oifig, cuireadh Pleananna Gnímh a bhí comhaontaithe ag an gCoiste Comhpháirtíochta i ngach Oifig i bhfeidhm a thug aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh. Bhí an leibhéal sástachta a léirigh an fhoireann sa dá Oifig ard in athuair. Bhí leibhéal comhairliúcháin thar cuimse le cliaint (seachtaracha agus inmheánacha) le linn na bliana agus leanfaidh tuilleadh suirbhéanna air sin go luath sa bhliain 2006.

Gníomhaíonn an CSSO mar ghníomhaire na hÉireann os comhair Chúirt Ceartais na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, d'eagraigh an Oifig comhdháil 'Gníomhairí' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i 2004, gníomhairí as gach ceann de na 25 Ballstát agus d'éirigh go maith léi. Bhí lucht pearsanra as Oifig an Ard-Aighne rannpháirteach chomh maith. Ba é téama na comhdhála ná 'Méadú agus Ról an Ghníomhaire de chuid Chúirt Cheartais na hEorpa', agus ba é cuspóir áirithe na comhdhála ná tabhairt isteach ghníomhairí na mBallstát nua a éascú. Bhí sé an-oiriúnach gur tionóladh an chomhdháil i mBaile Átha Cliath i ndiaidh Uachtaránacht na hÉireann. Bhí an ócáid sách áisiúil chun forbairt a dhéanamh ar an líonrú na hÉireann le Gníomhairí na hEorpa agus chun breis eolais a fháil ar dhlíthíocht éifeachtach os comhair na cúirte sin.

Thionóil Oifig Shráid Mhuirfean léacht ar Chúirt Cheartais na hEorpa i Meán Fómhair 2004. Tugadh cuireadh freisin don CSSO agus do phearsanra na Roinne chun freastal ar an léacht. Tionóladh seimineár dlíthiúil tráthnóna ar ghnéithe de Dhlí Cearta Daonna a raibh an tArd-Aighne ina bhun i mí na Nollag 2004, agus tugadh cuireadh ann do Ranna agus do dhaoine eile. Tá an Oifig i mbun cláir oideachais ECHR, i gcomhar leis an CSSO, ó thús 2003 agus tá ag éirí go maith leis an gclár sin. Lean an clár oideachais le linn 2004 agus d'eagraigh an Grúpa Oibre ECHR 7 léacht. Tugtar cuireadh d'fhoireann Oifig Shráid Mhuirfean agus d'fhoireann an CSSO freastal chomh maith le dlíodóirí na Roinne ar fad.





## **Caibidil 7**

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus  
Eochairchuspóir 4 á bhaint amach

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 4 á bhaint amach

### Eochairchuspóir 4

#### Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacú le gach imeacht gairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse de chuid na hOifige agus chun iad a mheasúnú

Aithníonn an Oifig an ról tábhachtach a bhaineann le Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) chun cúnaimh a thabhairt don Oifig lena cuid cuspóirí a bhaint amach agus chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na ríomh-Rialtais. Cinnteoidh forfheidhmiú Phlean IT nua na hOifige - lena n-áirítear príomhthionscadail na gcóras gnó, a chuimsíonn na réimsí a bhaineann le bainistíocht cásanna agus bainistíocht taifead, dréachtú/bainistíocht reachtaíochta, bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna agus bainistíocht eolais - go mbeidh an Oifig i riocht níos fearr chun freastal ar na cuspóirí a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise agus chun cur leis an tiomanatas do sheachadadh seirbhísí dlíthiúla ar an gcaighdeán is airde do chliant.

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí:

- Córais éifeachtacha teicneolaíochta faisnéise a sheachadadh agus a fhorfheidhmiú chun faisnéis bainistíochta níos fearr a sholáthar mar thaca don tionscnamh ríomh-Rialtais, do chinnteoireacht agus rialú éifeachtach na bainistíochta, agus do thomhas agus measúnú na feidhmíochta, ionas gur féidir díriú níos mó ar thorthaí agus go mbeidh trédhearcacht breise á léiriú in úsáid acmhainní.
- Clár bainistíochta cáipéise agus taifid a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht eagrúcháin a fheabhsú agus chun cothabháil na gcomhad a chuíchóiriú.
- Réiteach ríomh-Reachtaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairle le leas-sealbhóirí eile, agus ag féachaint le tionscnamh na ríomh-Chomhairleachta, chun tacú le ceapadh agus bainistíocht na reachtaíochta le linn thimthriall na reachtaíochta mar thaca don tionscnamh ríomh-Rialtais.
- Leanúint ar aghaidh ag coinneáil agus ag forbairt modhanna chun dul chun cinn a dhéantar i leith seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh don chustaiméir a thuairisciú agus a mheasúnú, agus chun an cuspóir sin a léiriú i bhforbairt cleachtais MIF.
- Beartais fheabhsaithe a cur i bhfeidhm chun tuilleadh cinntithe a thabhairt go bhfaighidh an Oifig luach

saothair nuair a bheidh an meastachán leithdháilte á chaitheamh aici.

- Páirt ghníomhach a ghlacadh leis an Roinn Airgeadais i gclár comhaontaithe um athbheithnithe caiteachais.
- Forfheidhmiú Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF) a chinntiú.

### Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Chuir Straitéis IT na hOifige fócas ar fáil den chuid ba mhó d'obair na nAonad IT in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit i rith 2004.

Chomh maith le bainistíocht oibriúitúil agus bainistíocht bonneagair IT agus na himeachtaí forbartha, ghlac na hAonaid IT páirt mhór sa Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus i dTionscadail an Chórais Bhainistíochta Airgeadais. Bhí baint ag an Aonad IT in Oifig Shráid Mhuirfean chomh maith le córas ríomh-Chomhairleachta a eagrú laistigh den Oifig.

Ag deireadh 2004, thug an tAonad IT in Oifig Shráid Mhuirfean faoi chlár píolótach um ríomh-Obair a chur i bhfeidhm i rith 2005. Chabhraigh sé leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí agus é ag gníomhú i gcáil chomhairleach i ndáil le bonneagar IT an Choimisiúin.

I dtreo dheireadh 2004, thug an Oifig faoi thionscadal d'fhonn a láithreán gréasáin a athfhorbairt chun a chinntiú gur tháinig siad le caighdeán na hEarnála Poiblí maidir le insrochtaineacht agus inúsáidteacht, agus foilsíodh an láithreán nua a dhear agus a d'fhorbair na hAonaid IT in-tí ag tús 2005.

Bhí baint ag an Aonad IT in Oifig Shráid Mhuirfean leis an ábhar ar láithreán gréasáin Leabhar Reachta na hÉireann a thabhairt cothrom le dáta go 2003. Is acmhainn an-luachmhar í seo, agus is mar thoradh air atá sé éasca teacht ar reachtaíocht na hÉireann ar fud an domhain.

Leag na hAonaid IT béim shuntasach ar bhainistíocht agus forbairt oibriúitúil bonneagar IT na hOifige. Is í an ghné is follasaí den bhéim sin don chliant ná Deasca Cabhrach IT agus an réimse seirbhísí a sholáthraíonn siad sin. Ní mór réimse leathan tascanna a dhéanamh sa chúlra, áfach, d'fhonn slánaíocht chórais IT na hOifige a chinntiú chun freastal ar ionchais na mball foirne.

#### Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead

Cuireadh le hullmhúchán i mí na Nollag 2004 chun an Córas Bainistíochta nua Cásanna agus Taifead (ACME) chur chun cinn a chuimseoidh sreabhadh oibre trasna an



## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 4 á bhaint amach

dá Oifig. Cuirfidh an ailtireacht nua córais singil - a chlúdóidh Sráid Mhuirfean agus CSSO araon agus a fhaigheann tacaíocht ó chombheartas Bainistíochta Taifead - leis an tseirbhís don chustaiméir agus bainfidh sí éifeachtúlachtaí costais amach chomh maith le próisis níos fearr bainistíochta comhad agus taifead inmheánach. Príomhghné amháin a bhaineann leis an mbeartas is ea máistirphlean um rangú a fhorbairt a thacóidh le gabháil, eagrú agus bainistíocht faisnéise, eolais agus saineolais laistigh de na hOifigí.

### Córas Bainistíochta Airgeadais

Mar a imlíníodh i gCaibidil 3 thuas, chuir an Oifig an chroífheidhmiúlacht den chéad chóras bainistíochta airgeadais (FMS) chomhtháite i bhfeidhm i mí Iúil 2004. Cuireann an córas nua ar chumas na hOifige gach iarratas ó sholáthróirí ar íocaíocht neamhphá a phróiseáil, feidhm a bhí á comhlíonadh ag an Roinn Airgeadais roimhe seo ar bhonn gníomhaireachta, agus cuireann sé ar chumas na nOifigí chomh maith freastal ar riachtanais faoi thionscnamh Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF).

Leanadh ar aghaidh ag tástáil an chórais nua i dtreo dheireadh 2004 agus neadaíodh gach feidhmiúlacht nach raibh ag brath ar ACME faoi dheireadh na bliana 2004. Chomh maith leis sin, rinneadh an-dul chun cinn ar fhorbairt comhéadain idir na córais FMS agus ACME lena n-eáscófar táirgeadh faisnéise feabhsaithe bainistíochta airgeadais agus neamhairgeadais chun freastal ar riachtanais níos leithne na hOifige um MIF.

### Creatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF)

Athbhunaíodh iar-ionadaí Bhord Tionscadail MIF na nOifigí i dtreo dheireadh 2004 agus neartaíodh é ionas go raibh ionadaithe ó na Coistí Comhpháirtíochta san áireamh ann. I measc na saincheisteanna a mheas an Bord a áiríodh rolladh amach an Tuairiscithe Bhainistíochta agus Fheidhmíochta, Táscairí Feidhmíochta agus Bainistíocht Priacail srl. chomh maith le cur i bhfeidhm Phlean Tionscadail MIF don Oifig.

Thug baill ó Chinn Aonaid Ghnó agus Coistí Comhairleacha Bainistíochta agus ionadaí ón gCoimisiún Athchóirithe Dlí faoi Oiliúint Airgeadais MIF i mí Dheireadh Fómhair 2004.

### Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais

Cuireadh tús le moltaí na hOifige d'athbhreithnithe i ndáil le Scéim an Ard-Aighne, leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí, le Soláthar Seirbhísí na Luathscríbhneoirí agus Athghabháil Costais i rith 2004 nuair a comhaontaíodh ar Théarmaí Tagartha do gach Athbhreithniú agus nuair a cuireadh Foirne Tionscadail le chéile.







## **Caibidil 8**

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus  
Eochairchuspóir 5 á bhaint amach

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 5 á bhaint amach

### Eochairchuspóir 5

**Rochtain a chur ar fáil don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil, trí acmhainní agus seirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus fios gnó a sholáthar agus a fhorbairt**

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí:

- Straitéis bainistíochta eolais a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, agus feidhmíocht bainistíochta eolais (KM) a roghnú mar a imlíníodh sa straitéis sin. Saináithneoidh an straitéis sin, freisin, na réitigh neamhtheicniúla chun eolas a roinnt trasna an dá Oifig.
- Acmhainní/seirbhísí faisnéise cuí a roghnú, le béim leagtha ar sheachadadh agus comhordú leictreonach na gcomhaontuithe ceannacháin, mar is cuí, idir leabharlanna Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.
- Oiliúint chuí a sholáthar i scileanna leabharlainne/faisnéise lena chinntiú go n-úsáidfear acmhainní faisnéise na hOifige go héifeachtach agus tacaíocht a sholáthar do thionscnaimh oiliúna níos leithne na hOifige.

### Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

Sheachaid Aonaid Fhios Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit seirbhísí faisnéise dlí, taighde agus fios gnó chuig baill fhoirme Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO i rith 2004. Cuireadh seirbhísí leabharlainne agus faisnéise ar fáil freisin d'aturnaetha a sannadh do na Binsí Fiosrúcháin éagsúla, comhairleoirí dlí rannacha agus aturnaetha áitiúla stáit.

Chuir na hAonaid na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- iLink (catalóg leabharlainne ar líne)
- catalógú, rangú agus coimriú a dhéanamh ar ábhair dhlíthiúla.
- rochtain ar bhailiúchán mór dlí i bhformáid chruachóipe agus leictreonach araon
- bunachar fios gnó dlí (Know-How dlí thiúil)
- seirbhísí faisnéise/taighde dlí
- cláir oiliúna um scileanna faisnéise

- seirbhísí feasachta reatha
- profléamh reachtaíochta
- rochtain ar leabharlanna seachtracha agus seirbhísí faisnéise seachtracha.

Rinneadh forbairt shuntasach sa bhliain 2004, ar thrí phríomhréimse do na hAonaid Leabharlainne agus Fios Gnó; obair forbartha ar Chóras Bainistíochta Bailiúcháin Unicorn; seirbhísí feabhsaithe um fhaisnéis dlí agus seirbhísí taighde agus forfheidhmiú breise Straitéis Bainistíochta Eolais na hOifige. Rinne an dá Aonad straitéisí gnó na hOifige a ionchorprú mar chuid de bhainistíocht straitéiseach na nAonad. Thug na hAonaid aghaidh ar shaincheisteanna a bhain le bainistíocht priacaíl sa bhliain 2004, agus ghlac siad bearta chun faisnéis bainistíochta airgeadais a fheabhsú.

#### Forbairt Unicorn

B'eochairthionscadal bainistíochta leabharlainne in 2004 é Córas Bainistíochta Bailiúcháin Unicorn a uasghrádú. Bhí trí phríomhghné mar chuid den tionscadal: Unicorn a aistriú go dtí freastalaí nua, bogearraí an chórais a uasghrádú go dtí an ceann is déanaí a tháinig amach, iLink a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Is éard atá in iLink, ar a bhfuil rochtain ó dheasc gach dlíodóir, ná taifid bhibleagrafaíochta le haghaidh breis is 30,000 ní a choimeádtar sa dá Oifig agus i leabharlanna an Choimisiúin Athchóirithe Dlí. I measc na n-eochairghnéithe a bhaineann le iLink, a áirítear cuardach mionsonraithe ábhair agus trastagairt mhionsonraithe, naisc le hinneall cuardaigh Google agus le naisc hipirtéacs go nithe atá ar fáil go leictreonach. Críochnaíodh an tionscadal sin in am agus taobh istigh den bhuiséad.

Chomh maith leis sin, cuireadh tús le modúl cláir leanúnaigh agus le modúl sealbhuithe Unicorn a chur i bhfeidhm i Leabharlann & Aonaid Fios Gnó araon. Eochairthairbhe a bhaineann leis an modúl sealbhuithe is ea faisnéis fheabhsaithe bainistíochta airgeadais do rialú níos fearr buiséid agus tuairisciú níos fearr airgeadais chuig MAC. Chomhaontaigh Leabharlann & Aonaid Fios Gnó agus IT Shráid Mhuirfean agus Leabharlann an Choimisiúin Athchóirithe Dlí ar chlár oibre chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Unicorn sa Choimisiún Athchóirithe Dlí, agus chuir siad i bhfeidhm é.

#### Seirbhísí faisnéise agus taighde dlíthiúla

Leag Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó an dá Oifig béim ar leith ar acmhainní agus seirbhísí faisnéise a sholáthar ag an deasc agus ar oiliúint scileanna faisnéise. Chomh maith le hobair a dhéanamh le



## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 5 á bhaint amach

chéile ar fhorbairt Unicorn, fuair na hAonaid roinnt acmhainní nua faisnéise leictreonaí i gcomhar le chéile, agus chruthaigh siad roinnt seirbhísí feasachta reatha le chéile.

Chuir an dá Aonad oiliúint chuimsitheach ar fáil in 2004 do bhaill fhoirne dlí faoi fheidhmeanna leabharlainne agus modhanna taighde. Is é eochairchuspóir chlár oiliúna na nAonad Leabharlainne & Fios Gnó ná scileanna taighde dlí a chothú agus cúnaimh a thabhairt do bhaill fhoirne chun leibhéal inniúlachta a ghnóthú in úsáid na bhfoinsí leictreonacha faisnéise dlí. Bhain obair shuntasach le dearadh agus seachadadh na gclár sin.

Chuir na daoine gairmiúla faisnéise agus dlí i ngach Aonad seirbhísí taighde dlí ar fáil. Leag na hAonaid béim shuntasach ar leanúint d'fhorbairt ghairmiúil do bhaill foirne na Leabharlainne agus Fios Gnó sna réimsí bainistíochta faisnéise agus dlí d'fhonn tacaíocht a thabhairt do sheachadadh seirbhísí dá sórt sin.

### Bainistíocht Eolais (Knowledge Management)

B'fhorbairt ar bhain tábhacht ar leith léi le bliain anuas í an fheasacht mhéadaitheach ar fud Oifig Shráid Mhuirfean, i measc ball foirne ag gach leibhéal, ar an ngá atá le bainistíocht mhaith eolais a chleachtadh. Is ábhar é sin a mbaineann tábhacht straitéiseach leis d'eagraíocht eolasbhunaithe.

Léirítear an fheasacht ar an tábhacht a bhaineann le fios gnó, taithí idirbheartaíochta agus saineolas go soiléir sna tionscnaimh seo a leanas um chomhroinnt eolais:

- Malartú eolais ag cruinnithe rialta grúpa agus an t-eolas sin a chur ar aghaidh chuig cruinniú seachtainiúil an Abhcóide Chomhairligh i leis an Ard-Stiúrthóir.
- Comhad um Eiseachadadh Seachtainiúil/EAW/MLA - déantar na comhairlí tábhachtacha go léir den ghrúpa ón tseachtain roimhe sin a scaipeadh an tseachtain dar gcionn.
- Córas corr-iarratais a bhunú do thaighdeoir dlí chun freastal ar chruinnithe grúpa, chun alt a léamh ar dócha nár léigh baill aonair é, agus chun aon ábhar a thagann chun cinn san alt sin agus a mbaineann suim leis a thuairisciú don ghrúpa .
- Iarratas a dhéanamh ar thaighdeoir Leabharlainne agus Fios Gnó agus obair a dhéanamh leo chun treoir thagartha dlí a chur le chéile ar réimse sainábhar, lena n-áirítear Eiseachadadh/Barántas Gabhála na hEorpa, dlí coiriúil agus treoir thagartha dlí ar Scaoileadh Sealadach a nuashonrú.

- Oideachas a bhunú maidir le córais dlí coiriúil na hEorpa a thuiscint - tabharfar faoi chlár forfheidhmiúcháin sa bhliain 2005.
- Cur i láthair ó chomhghleacaithe a d'oibrigh i réimse ar leith oibre roimhe sin do dhaoine nach bhfuil mórán eolais acu ar na réimsí sin go fóill.
- Tinreamh bhaill ghrúpa an Abhcóide Chomhairligh ar réimse seimineár agus seisiún oiliúna, in-tí, in Éirinn agus thar lear, ag féachaint leis an ngá atá le hionduchtú tapa i réimsí nua dlí agus le saineolas atá faighte cheana a choimeád agus a fhorbairt.
- Leanúint ar aghaidh le hoideachas in-tí ECHR, lena n-áirítear feidhmiú an Achta ECHR 2003, príobháideachas agus saoirse cainte, taithí na Ríochta Aontaithe, cosaint sonraí, saincheisteanna a bhaineann le dlí an teaghlaigh agus teorannú ar chearta.
- Ballraíocht d'fhoireann eagarthóireachta *Grapevine*.
- Cathaoirleacht agus freastal ar chruinnithe Saincheisteanna Dlí an Abhcóide Chomhairligh / na nDréachtóirí Parlaiminte faoi ábhair inspéise.
- Comhghleacaithe ag tabhairt láithreoireachtaí ag cruinnithe Saincheisteanna Dlí an Abhcóide Chomhairligh / na nDréachtóirí Parlaiminte.
- Rannpháirteachas i gcruinnithe rialta athbhreithnithe le Ranna sna príomhréimsí dlíthíochta agus i ndáil le saincheisteanna trasghearrtha/idirannacha.





## **Caibidil 9**

Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus  
Eochairchuspóir 6 á bhaint amach

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 6 á bhaint amach

### Eochairchuspóir 6

#### Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt le comhordú sheirbhísí dlíthiúla an Stáit

Chomh maith leis na hábhair sin a ndearnadh tagairt dóibh in Eochairchuspóirí 1 go 5 agus ar déileáladh leo sa Tuarascáil seo, tabharfar faoi na príomhstraitéisí seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas agus é ag láimhseáil saincheistanna trasghearrtha agus beartais dlí, trí fhreastal ar choistí idir-rannacha agus ar ghrúpaí oibre agus comhairle a chur orthu.
- Páirt dhearfach a ghlacadh le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais chun a chinntiú go bhfuil an chomhairle a thugtar comhsheasmhach le comhairle eile a thugann an tArd-Aighne.
- Bainistíocht straitéiseach dlíthíochta, go háirithe i leith oll-éileamh.
- Athbhreithniú ar chleachtais reatha maidir le dlíthíocht agus idirghabhálacha i gcásanna os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa.
- Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí agus é ag gabháil dá ról athbhreithnithe, scrúdaithe agus foirmlithe moltaí d' Athchóiriú an Dlí.
- Tacú le forbairt na straitéisí IT atá ag an tSeirbhís Chúirteanna agus ag an mbreithiúntacht.
- Comhdháil a eagrú/urrú agus a reáchtáil ar shaincheistanna dlí Idirnáisiúnta atá ábhartha d'Éirinn faoi láthair.

### Dul chun Cinn a Gnóthaíodh

#### Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Rannacha

Lean Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur nae an Stáit ar aghaidh ag glacadh páirt an-ghníomhach i raon tionscadal agus grúpaí trasrannacha i rith 2004 faoi saincheistanna dlíthiúla agus neamhdhlíthiúla araon. Mar a imlíníodh i gCaibidil 3 thuas, chuir baill fhoirme dlí seirbhísí dlí ar fáil don Rialtas trí fhreastal ar réimse coistí agus grúpaí oibre tábhachtacha idir-rannacha agus comhairle a chur orthu.

Ghlac Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) páirt freisin i réimse coistí agus grúpaí oibre idir-rannacha. Rinneadh dul chun cinn ar obair le linn na bliana ar roinnt Billí a raibh rannpháirteachas roinnt Ranna agus/nó gníomhaireachtaí eile de dhíth orthu. Tháinig

saincheistanna trasghearrtha den sórt sin chun cinn, mar shampla, i ndáil leis an mBille um Míchumas 2004 agus leis an mBille um Chomhairle (Leasú) 2004,

Tháinig saincheistanna comhchosúla trasrannacha chun cinn i ndáil leis an mBille um Rialáil na Státseirbhíse (Leasú) 2004, Bille Iascaigh an Fheabhail agus Chairlinn 2004, an Bille Tionóntachtaí Cónaithe 2004 agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais 2004.

Tá liosta iomlán na gcoistí agus na ngrúpaí sin le fáil in Iarscríbhinn E.

#### Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Eochair-mheicníocht eile a éascaíonn comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit is ea Coiste Reachtaíochta an Rialtais. Ghlac an OPC páirt lárnach in obair an Choiste seo i rith 2004. Faoi chathaoirleacht Phríomh-Aoire an Rialtais, cuireann an Coiste moltaí reachtaíochta in ord tosaíochta agus éascaíonn sé forfheidhmiú Chlár Reachtaíochta an Rialtais trí:

- Na dátaí dóchúla ar a gcuirfead téacsanna Billí chuig an Rialtais lena bhfaomhadh agus lena bhfoilsíú ina dhiaidh sin, a mheas.
- Faoi réir na Comhaireachta, tosaíochtaí dréachtaithe a shannadh do Bhillí, nuair a bheidh Cinn an Bhille (.i. teoracha Rannacha do dhréachtóir an Bhille) faomhaithe ag an Rialtas.
- An dréacht-Phreaseisiúint faoi Chlár Reachtaíochta an Rialtais (a fhoilsítear trí uaire sa bhliain roimh thús gach Seisiún Dála) a ullmhú agus a aontú d'fhaomhadh an Rialtais.

Maoirsíonn an Coiste gach Bille Rialtais a mholtar, ón uair a chuimsítear é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go deireadh a chúrsa trí Thithe an Oireachtais. Thuairiscigh OPC gach seachtain do Choiste Reachtaíochta an Rialtais, faoi shonraí an dul chun cinn a rinneadh ar dhréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla a aistríonn bearta an AE go reachtaíocht baile.

Sholáthair rannpháirteachas leanúnach OPC in obair Choiste Reachtaíochta an Rialtais an mheicníocht riachtanach chun idirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíoch na Rann ar sheirbhísí OPC agus chun plé leis na fadhbanna a tháinig chun cinn maidir le forfheidhmiú réidh tapa Chlár Reachtaíochta an Rialtais.

#### Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí sna Ranna Rialtais

Lean an Oifig ar aghaidh ag cothú caidrimh dhearfacha agus dlúthchaidrimh oibre le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais i rith 2004. Méadaíonn tábhacht na nasc



## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Eochairchuspóir 6 á bhaint amach

sin de réir mar a thagann fás ar líon na saincheisteanna casta dlí idir-rannacha. Bíonn ról an-tábhachtach, freisin, ag na naisc le comhairleoirí dlí na Rann, maidir le hullmhú reachtaíochta. Chomhoibrigh Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Rannacha i rith na bliana ar raon mór ábhar, chun a chinntiú go mbeidh na comhairlí a thug siad comhsheasmhach le comhairlí eile a thugann an tArd-Aighne.

### Bainistíocht straitéiseach dlíthíochta, go háirithe i leith oll-éileamh

